eDeposit Ireland

Tuarascáil Bhliantúil OSFC 2017

Item Type	report
Citation	Ireland. Office of the Director of Corporate Enforcement, 'Tuarascáil Bhliantúil OSFC 2017', [report], Office of the Director of Corporate Enforcement, 2018-06-29
Publisher	Office of the Director of Corporate Enforcement
Rights	Y
Download date	2026-05-17 22:01:23
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/83197

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Tuarascáil Bhliantúil 2017

Le haghaidh eolas eile déan teagmháil le:

Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
D01 W5C2

Guthán: 01 858 5800
Íosghlao: 1890 315 015
Facs: 01 858 5801
Ríomhphoist: info@odce.ie
Suíomh Gréasán: www.osfc.ie

Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil annso mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2018
Transpiral agus foireann an Stiúrthóra a d'aistrigh
an tuarascáil bhliaintúil seo go gaeilge

CLÁR ÁBHAIR

BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR 3

SRACFHÉACHAINT 10

CAIBIDIL 1: FORBHREATHNÚ AR OSFC 12

Sainordú reachtúil 13

Spriocanna ardleibhéil 13

Acmhainní, struchtúr eagrúcháin, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre 14

CAIBIDIL 2: TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN 18

Réamhrá 19

Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana 19

Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt 19

CAIBIDIL 3: AGHAIDH A THABHAIRT AR IOMPAR NEAMHDHLEATHACH AGUS NEAMHFHREAGRACH SA MHÉID GO MBAINEANN SÉ LE DLÍ CUIDEACHTA 22

Struchtúr na Caibidle seo 23

CUID A: IONCHUIR 23

IONCHUIR SHEACHTRACHA 23

Tuairiscí alt 682 na leachtaitheoirí 24

Leithdháileadh earnálach d'ionchuir sheachtracha eile (is é sin ionchuir sheachtracha cé is moite de thuairiscí 682 na leachtaitheoirí) 27

Gearáin 28

Tuarascálacha cionta indíotáilte iniúchóirí 29

Tuarascálacha na Scrúdaitheoirí 29

Tarchuir 30

Tuarascálacha um chionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla 30

Tuarascálacha leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht fhéideartha 31

Nochtuithe faoi Acht na Nochtuithe Cosainte 2014 31

IONCHUIR INMHEÁNACHA 31

Réamhrá 31

Gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine, m.sh., daoine ar féimheacha neamhscaoilte, srianta nó dícháilithe iad 31

Imscrúduithe a tionscnaíodh ar a conlán féin 32

Cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte 32

Gníomhartha a bhaineann le feidhmíochta / iompar leachtaitheora 33

Candam na n-ionchur inmheánach - 2017 33

CUID B: TRÉCHUIR 34

CUID C: ASCHUIR 36

Aschuir ó phróiseas alt 682 36

Aschuir na hoibre forfheidhmithe 39

Ceartú/feabhsú deonach a fháil 40

Comhlíonadh a urrú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn trí chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú 40

Comhlíonadh a cheadú/a éascú trí fheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra a fheidhmiú 40

Leigheasanna sibhialta arna lorg 41

Imeachtaí coiriúla achomair 43

Imeachtaí coiriúla indíotáilte 43

Tarchur chuig comhlachtaí gairmiúla agus chuig comhlachtaí rialála eile 44

CAIBIDIL 4: SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A SHOLÁTHAR DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA 45

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha 46

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha 48

Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán earnála poiblí arna bhunú le reacht 48

AGUISÍNÍ 51

Aguisín 1: Caiteachais arna chionroinnrt i gcoinne chaiteachas: 2015 - 2017 52

Aguisín 2: Láithreoireachtaí a d'fhuascail agus taispeántais ar ar fhreastail - 2017 53

Aguisín 3: Tuairisc faoi alt 22 d'Acht na Nochtuithe Cosainte 2014 55

Aguisín 4: Cásanna ina rinne an ard-chúirt dearbhuithe srianadh nó ina ghlac stiúrthóirí le ghealltanais srianadh toiliú de bhun alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014 56

Aguisín 5: Cásanna ina rinne an Ardchúirt Orduithe Dícháilithe nó ina ghlac stiúrthóirí le ghealltanais dícháilithe toiliú de bhun alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014 60

Aguisín 6: Cásanna ina nach dhearna an Ard-Chúirt Orduithe Srianadh nó Dícháiliú de bhun alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014 61

GLUAIS 62

BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR

RÉAMHRÁ

De réir fhorálacha alt 954(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ("an tAcht"), táim sásta Tuarascáil Bhliantúil 2017 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur isteach chuig an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUasal Heather Humphreys, TD. Leagtar amach thíos sonraí ar roinnt de na cúrsaí níos suntasaí a bhaineann leis an mbliain faoi athbhreithniú.

FORBHREATHNÚ AR PHRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMITHE

Ina léirítear an dá ghné le OSFC:

- cur chuige céimnithe don fhorfheidhmiú; agus
- iomlaoid straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar tháscairí fealltacha ag an gceann tromchúiseach den speictream,

áiríodh leis na gníomhaíochtaí forfheidhmithe i rith na bliana faoi athbhreithniú:

Bearta riaracháin

- eisiúint 58 foláireamh agus rabhadh i leith éagsúlacht saincheisteanna;cautions and warnings on a variety of issues;
- ceartú iasachtaí na stiúrthóirí de luach airgeadaíoch comhiomlán tuairim ar €15m;

Bearta forfheidhmithe a bhaineann leis an dócmhainneacht

- ceapadh cinntí deifnídeacha faoi 600 tuairisc le leachtaitheoirí, lenar áiríodh deonú faoisimh ar bith nó faoisimh pháirtigh amháin i gcás 51 tuairisc mar sin. Iarratais le leachtaitheoirí chuig an Ard-Chúirt i rith na bliana faoi athbhreithniú tar éis eisiúint cinntí faoisimh ar bith agus faoisimh pháirtigh amháin roimhe sin leis an OSFC; tháinig srianadh le 31 stiúrthóir cuideachta agus dícháiliú 9 stiúrthóirí cuideachta bhreise dá thoradh sin;
- tabhairt faoi Ghnóthais Srianta le 91 stiúrthóir cuideachta agus Ghnóthas Dícháilithe amháin le stiúrthóir cuideachta de bhun tuairiscí le leachtaitheoirí;
- tabhairt faoi 4 Ghnóthas Dícháilithe le stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha a baineadh den Chlár Cuideachtaí as gan tuairisceáin bhliantúla a chomhdú leis an gCláraitheoir;

Cleachtadh na gcumhachtaí imscrúdaitheacha/forfheidhmithe reachtúla agus bearta gaolmhara

- os cionn 100 ásc de chleachtadh na gcumhachtaí reachtúla chun gníomhaíochtaí imscrúdaithe a chur ar aghaidh agus mar bhearta forfheidhmithe, ar nós:
  - forghníomhú barántaí cuardaigh;
  - úsáid na gcumhachtaí gabhála;
  - eisiúint na Riachtanas do tháirgeadh leabhar agus doiciméad do chuideachtaí;
  - eisiúint na Riachtanas do tháirgeadh leabhar agus doiciméad do thríú páirtithe; agus
  - eisiúint treoracha leis na daoine ábhartha chun comhlíonadh le hoibleagáidí reachtúla;
- iarratais chun na hArd-Chúirte faoi éagsúlacht cúrsaí sa tsúil chun imscrúduithe agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an bhforfheidhmiú a chur ar aghaidh (lena n-áirítear faoi chúrsaí ar nós na pribhléide dlíthiúla gairmiúla agus saincheisteanna a bhaineann le ceistiú na fianaise leictreonaí i seilbh an OSFC);

Tarchuir chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ("SIP") agus ionchúisimh chomhbhainteacha

- de bhun comhaid imscrúdaithe dár tagraíodh roimhe seo ar ordaigh an SIC cúiseanna ina leith, cuireadh pléadáil chiontach isteach le 1 chúis amháin den trádáil chalaoiseach i gcoinne alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (gearradh pianbhreith ar an duine i gceist ina dhiaidh sin de phríosúnacht 18 mí, leis na 6 mhí dheireanacha curtha ar fionraí, agus dícháilíodh iad freisin ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta na pianbhreithe);

- de bhun comhad imscrúdaithe dár tagraíodh roimhe seo ar ordaigh an SIC cúiseanna ina leith, agus tar éis pléadálacha ciontacha a chur isteach ag beirt dhaoine (ceann amháin i leith sárú líomhnaithe d'alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (i.e. trádáil chalaoiseach) agus an ceann eile i ndáil le sárú líomhnaithe d'alt 44 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (i.e., clár an bhainc cheadúnaithe d'iasachtú chuig stiúrthóirí agus daoine nasctha) (a bhí in ionad ciona líomhnaithe faoi alt 297 d'Acht na gCuideachtaí1990), gearradh pianbhreith phríosúnachta dhá bhliain go leith ar an gcéad duine agus gearradh fíneáil €3,000 ar an dara duine;
- ba cheart go n-ordófaí tarchur 1 chomhad imscrúdaithe amháin chuig an SIC dá bhreithniú cibé ar chóir go n-ordófaí cúiseanna ar díotáil ina leith. Ar bhunús an imscrúdaithe bhunúsaigh, áiríodh leis an gcomhad sin moltaí i leith 81 cúis san iomlán (i dtaca le sáruithe líomhnaithe ar Achtanna na gCuideachtaí, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 agus an dlí coiteann faoi seach) i gcoinne 3 amhrasach san iomlán. Ag deireadh na bliana, bhí an comhad sin á bhreithniú ag an SIC;
- tarchur 3 chomhad imscrúdaithe breise chuig an SIC. D'eisigh an SIC ordúchán chun ionchúiseamh a thabhairt i gcoinne 1 amháin de na comhaid úd, ach leasaíodh é sin ina dhiaidh sin chuig ionchúiseamh ar bith tar éis bháis an fhinné. Sa dá chás eile, tar éis na fianaise infhaighte a bhreithniú, d'ordaigh Oifig an SIC nár cheart aon ionchúiseamh a thabhairt.

SAINCHEISTEANNA SUNTASACHA EILE AG ÉIRÍ ANÍOS SA BHLIAIN FAOI ATHBHREITHNIÚ

Comhfhreagras le Comhchoiste an Oireachtais um Iompar, Turasóireacht & Spórt

Ba le litir ó 1 Meán Fómhair 2017, a tharchuir an Comhchoiste Oireachtais um Iompar, Turasóireacht & Spórt ("an Coiste") an tuairisc arna hullmhú ag an mBreitheamh Carroll Moran maidir le *"the receipt, distribution and sale of tickets to Olympic Games and ancillary matters"* ("fáil, leithdháileadh agus díol ticéad do Cluichí Oilimpeacha agus cúrsaí coimhdeacha") ("Tuarascáil Moran") chuig an OSFC lena breithniú. Thug an Coiste le fios go raibh a gcinneadh chun Tuarascáil Moran a tharchur chuig an OSFC bunaithe ar imní *"…surrounding issues of governance, possible fiduciary negligence of directors, and accounts and audit issues pertaining to the Olympic Council of Ireland"* ("…maidir le saincheisteanna rialachais, faillí mhuiníne fhéideartha na stiúrthóirí, agus saincheisteanna cuntas agus iniúchta a bhaineann le Comhairle Oilimpeach na hÉireann").

Ba le litir ó 18 Meán Fómhair 2017, a thug an OSFC a cuid tuairimí faoi Thuarascáil Moran don Choiste. Agus é sin ar siúl, thug an OSFC faoi deara, *inter alia,* na teorannuithe a bhain don Fhiosrúchán a tháinig roimh chríochnú Thuarascáil Moran, lenar áiríodh:

- cineál neamhreachtúil an Fhiosrúcháin agus easnamh comhbhainteach na gcumhachtaí iallaigh agus na n-imeachtaí sáraíochta;
- agairt le roinnt páirtithe faoin gceart i gcoinne féin-ionchoirithe;
- neamh-chomhoibriú le roinnt páirtithe le saothar an Fhiosrúcháin; agus
- ba é measúnú an Fhiosrúcháin dá bharr go raibh sé srianta ar dtús chun a aird a dhíriú ar na Cluichí Oilimpeacha ón mbliain 2016 agus chun breithniú an dá Chluiche roimhe sin a chur siar.

Cé go bhféadfaí laige rialachais, easnaimh agus imeachtaí ó ghnáthchleachtais rialachais a thuiscint ó roinnt de na saincheisteanna a mionsonraíodh sa Tuarascáil, moladh don Choiste nár dealraíodh, ar bhunús inneachar na Tuarascála, go raibh fianaise ann lena dtuigfí neamh-chomhlíonadh le dlí na gcuideachtaí. Moladh don Choiste, ámh, go mba mhian leis i gcomhthéacs a phléití breise faoin Tuarascáil, féachaint d'fhorálacha an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

Foirceannadh ar mhaithe le leas an phobail

Áirítear le hAlt 569[1] den Acht foráil nach bhfuarthas in Acht na gCuideachtaí roimhe seo trínar féidir cuideachta a fhoirceannadh leis an gCúirt *"…if the Court is satisfied, on a petition of the Director [of Corporate Enforcement], that it is in the public interest that the company should be wound up…"* ("…má tá an Chúirt sásta, ar achainí ón Stiúrthóir [um Fhorfheidhmiú Corparáideach], gur chun leas an phobail é go bhfoirceanfaí an chuideachta…".

I rith na bliana faoi athbhreithniú, tháinig saincheist chun aird an OSFC lenar éilíodh breithniú na forála reachtúla nua sin, agus an mbeadh achainí chun an chuideachta i gceist a fhoirceannadh ina leigheas iomchuí agus comhréireach. Ba í an imní a léirigh comhlacht Stáit eile maidir le gníomhaíochtaí na cuideachta ábhartha a bhí taobh thiar den bhreithniú sin.

Tar éis comhairle dlí a ghlacadh faoin ábhar agus tar éis gach ceann de na fíricí ábhartha agus na himthosca i bhfeidhm a bhreithniú áfach, thángthas ar an gconclúid i bhfianaise na roghanna forfheidhmithe eile atá ar fáil don chomhlacht Stáit eile i gceist, nár dhócha go ndéanfadh an Chúirt ordú mar sin.

1 Fo-alt 1(g)

FEABHSÚ CUMAIS

I rith na bliana faoi athbhreithniú, agus le tacaíocht leanúnach ó Airí comharbacha agus óna Roinn, choinnigh an OSFC uirthi leis an bpróiseas chun a hacmhainn dhaonna agus a cumais oibriúcháin a fheabhsú trí:

- earcú bheirt Bhainisteoirí Punainne Forfheidhmithe (duine amháin acu ina gcuntasóir agus an duine eile ina n-abhcóide);
- earcú Speisialtóra san Fhóiréinsic Dhigiteach (le cáilíochtaí ábhartha agus cúlra i bhforfheidhmiú an dlí);
- earcú Cuntasóra Imscrúdaithigh bhreise. Ag deireadh na bliana, bhain cleachtadh earcaíochta chun na críche beirt Chuntasóirí Imscrúdaitheacha breise a cheapadh ardchéim amach; agus
- cuireadh tús freisin ag deireadh na bliana le cleachtadh earcaíochta breise chun na críche beirt Dhlíodóirí Forfheidhmithe a cheapadh.

Ina theannta sin, agus le cúnamh ó údaráis an Gharda, b'amhlaidh a líonadh an post do Bhleachtaire Cigire i rith na bliana, a bhí folamh le hachar fada. Líonadh post folamh do Gharda freisin i rith na bliana, rud a thug líon foirne an OSFC ba Ghardaí ar ais chuig a líon faofa de 7 ball.

Tháinig bunú agus feistiú saotharlainne fóiréinsice digití úrscothaí go gairid sna sála ar cheapadh Speisialtóra san Fhóiréinsic Dhigiteach i rith na bliana. I dteannta le cumais fóiréinsice digití intíre an OSFC a fheabhsú go mór, is amhlaidh atá na forbairtí sin tar éis:

- an inniúlacht a thabhairt d'imscrúdaitheoirí an OSFC chun saothar imscrúdaitheach ar an láthair san fhóiréinsic dhigiteach a stiúradh, agus dá réir chun acmhainn imscrúdaitheach fhoriomlán an OSFC a fheabhsú dá réir; agus
- ardtuilleamaíocht an OSFC roimhe seo ar thríú páirtithe a laghdú go mór (lena n-áirítear An Garda Síochána) chun cúnamh léi sa saothar fóiréinsice digití.

Anuas ar an méid roimhe seo, lean an OSFC ar aghaidh ag infheistiú sa tsainoiliúint, san oideachas agus san fhorbairt i rith na bliana faoi athbhreithniú.

AISTRIÚ CHUIG STÁDAS GNÍOMHAIREACHTA

Agus an Rialtas ag ullmhú chun a chuid tograí a fhoilsiú d'aistriú an OSFC ó bheith ina hOifig chun bheith ina Gníomhaireacht aonair, tá an OSFC réidh chun cibé cúnamh a sholáthar don Aire agus dá Roinn ina leith sin, agus tá sé ag súil le feabhsuithe a fháil in éifeachtacht oibriúcháin a bhfuiltear ag dúil lena dteacht ón tionscnamh úd.

TUARASCÁIL CHUIG AN AIRE FAOI ALT 955(1)(A) DEN ACHT

Iarratas ar thuairisc

Tar éis an chinnidh leis an mBreitheamh John Alymer an 23 Bealtaine 2017 chun ordú a thabhairt don ghiúiré chun Mr. Seán FitzPatrick a éigiontú i leith gach scór sa díotáil, trí litir ó 24 Bealtaine 2017, d'iarr an tAire an uair sin, Ms. Mary Mitchell O'Connor, T.D., orm tuarascáil a thabhairt di faoin ábhar faoi alt 955(1)(a) den Acht. Dúirt an tAire an uair sin an méid seo a leanas ina litir go sonrach:

> *"Bheinn buíoch díot dá n-ullmhófá tuarascáil, faoi na saincheisteanna ag éirí as na himscrúduithe ag an OSFC ar Anglo Irish Bank ón mbliain 2008 i leith. Áirítear leo sin:*
>
> - *oiliúnú maidir leis na ráitis ó fhinnéithe;*
> - *follasú déanach na ndoiciméad;*
> - *braistint de chlaonadh ag imscrúdaitheoirí OSFC;*
> - *stialladh doiciméad; agus*
> - *cúrsaí ábhartha ar bith eile.*
>
> *Táimse ag dúil le do thuarsacáil a fháil mar ábhar tosaíochta, ach faoi thráth nach déanaí ná 23ú Meitheamh 2017".*

Alt 955(1)(a) den Acht

Is iad na forálacha ábhartha d'alt 955 ná:

> *"955 (1) Subject to subsection (2), the Director shall-*
>
> *(a) provide the Minister with such information as the Minister may from time to time require about the performance of the Director's functions..."*

Taisceadh tuarascála faoi bhráid an Aire

Chuir mé mo thuarascáil ("an Tuarascáil") faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire ag an am, Ms. Frances FitzGerald, T.D an 23 Meitheamh 2017. Agus é sin ar siúl, tarraingímse aird ar na cúrsaí ábhartha seo a leanas:

- ní thagann an Tuarascáil mar thoradh ar imscrúdú ná ar fhiosrúchán, agus ná ní airbheartaítear mar sin í. Ná ní anailís mhionsonraithe ar gach gné den imscrúdú dár tagraíodh ansin, ná ní airbheartaítear mar sin í. Seachas sin, chomh fada agus is féidir taobh istigh den fhráma ama arna leagan síos do sheachadadh (i.e. aon mhí amháin), is achoimre atá sa Tuarascáil ar na príomhfhíricí, arb é an cuspóir leo (agus fós) chun cúnamh leis an Aire ina breithniú níos forleithne ar na saincheisteanna ábhartha;
- agus an méid sin ann, tá an Tuarascáil fréamhaithe chomh fada agus is indéanta sna doiciméid ábhartha faoi sheilbh an OSFC, agus i scríbhinní na n-imeachtaí Cúirte; agus
- gan bheith ina imscrúdú ná ina fhiosrúcháin, ach seachas sin mar léiriúchán de na príomhfhíricí trí mheicníocht cuntasachta reachtúla, ní raibh an deis acu siúd a aithníodh sa Tuarascáil (nach bhfuil roinnt acu fostaithe a thuilleadh taobh istigh den OSFC, agus go leor acu fostaithe le tríú páirtithe), chun trácht a dhéanamh ná chun tuairimí a nochtadh faoina hábhar; óir nach mbeadh cleachtadh mar sin féideartha taobh istigh den fhráma ama arna leagan amach d'ullmhú agus seachadadh na Tuarascála agus, i gcás ar bith, ní cheaptar le halt 955 é.

D'ainneoin go bhforáiltear le halt 955(2) nach gcaitheann an Stiúrthóir aon fhaisnéis a sholáthar don Aire faoi alt 955(1) dá mba dhócha i dtuairim an Stiúrthóra go ndéanfadh an fhaisnéis sin dochar d'fheidhmiú ceann ar bith dá fheidhmeanna, níor fágadh aon ní ar lár ón Tuarascáil ar an mbunús sin. Seachas sin, ag féachaint do chuspóir na Tuarascála, ba é an chur chuige a glacadh dá hullmhú ná chun an oiread faisnéise ábhartha agus ab fhéidir a áireamh inti.

Taisceadh na sleachta ábhartha den Tuarascáil faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ("ARC&G")

I bhfianaise gur tugadh aníos roinnt saincheisteanna ina leith sin ag an gcosaint i rith na trialach, bhí ábhar na dtáillí gairmiúla a íocadh le saineolaithe fostaithe ag an OSFC agus a bpróiseas tairisceana comhbhainteach i measc na gcúrsaí ar pléadh leo sa Tuarascáil. Ó tharlaíonn gur sin mar atá, b'amhlaidh an dáta céanna ar ar thaisc mé an Tuarascáil leis an Aire, i bhfianaise a n-ábharthachta dá shainchúram, thaisc mé na sleachta ábhartha ón Tuarascáil (i.e. an Chaibidil agus na hIarscríbhinní ábhartha) faoi bhráid an ARC&G chun críocha faisnéise. Ní bhfuair an OSFC fiosrú ná ceist ar bith ó Oifig an ARC&G ó dháta taiscthe na sleachta úd, i.e. 23 Meitheamh 2017.

Breithniú na Tuarascála ag an Aire

FTar éis di an Tuarascáil a fháil, thug an Tánaiste agus an tAire ag an am comhairle do Dháil Éireann gurbh é an rún tosaigh go bhfoilseofaí an tuarascáil[2]. Bunaithe ar an gcomhairle dlí a fuarthas ón Ard-Aighne áfach, thug an Tánaiste ag an am comhairle ina dhiaidh sin do Dháil Éireann nach raibh an chumhacht reachtúil aici chun an Tuarascáil a fhoilsiú, agus ina ionad sin, gur mhian léi *"…cuntas ar na teipeanna imscrúdaitheacha a d'aithin an Breitheamh Aylmer agus na céimeanna á nglacadh chun aghaidh a thabhairt orthu"* a fhoilsiú[3].

RANNPHÁIRTÍOCHT LE COMHCHOISTE AN OIREACHTAIS UM GHNÓ, FIONTAR & NUÁLAÍOCHT

Cuireadh tosaigh chun teacht i láthair

Scríobh Comhchoiste an Oireachtais um Fhiontar, Trádáil & Nuálaíocht (mar a bhí ag an am agus a athainmníodh dá éis sin mar Chomhchoiste an Oireachtais um Ghnó, Fiontar & Nuálaíochta) ("an Coiste") chugam an 25 Bealtaine 2017, agus d'iarr orm go dtiocfainn os a chomhair an 31 Bealtaine 2017. Ba sa litir sin a thug an Coiste le fios gur mhian leis a phlé:

> *"…teipeanna fíor-thromchúiseacha na bpróiseas imscrúdaitheach OSFC a thug an Breitheamh John Aylmer chun suntais; na próisis nó an easpa díobh sin, ónar tháinig na teipeanna úd, agus na céimeanna más ann dóibh a glacadh chun na teipeanna agus earráidí sin a cheartú chun a chinntiú nach dtarlóidh siad arís"*.

Ba le litir an dáta céanna, d'fhreagair mé don Choiste leis an gcomhairle go raibh mé ar fáil chun cúnamh leis ar bhealach ar bith agus ab fhéidir. Tharraing mé aird ar an gcaoi, an lá roimhe sin, ar iarr an tAire ag an am orm chun tuarascáil a dhréachtú lena seachadadh faoi 23 Meitheamh 2017, agus i gcomhthéacs an fhráma ama úd, ar iarr mé ar an gCoiste chun machnamh faoin gcruinniú a chur siar nó gur ullmhaigh agus gur thaisc mé an Tuarascáil chuig an Aire, a raibh mé ag dúil faoin tráth sin go mbeinn ní b'fhearr ag tabhairt cúnaimh don Choiste.

2 Freagra ar Cheist Parlaiminte i Dáil Éireann, 29 Meitheamh 2017 (tagairt CP 30223.17)
3 Freagra ar Cheist Parlaiminte i Dáil Éireann, 21 Samhain 2017 (tagairt CP: 49407/17))

Ba le litir an 26 Bealtaine 2017 a d'fhreagair an Coiste, ag tabhairt comhairle go raibh sé toilteanach an cruinniú molta a chur siar nó go dtí tar éis críochnú agus taisceadh na Tuarascála. D'iarradh orm sa litir úd chun an Coiste a chur ar an eolas nuair a bheadh mo thuarascáil taiscthe faoi bhráid an Aire. Thug mé comhairle chuí don Choiste faoin bhfíric sin le litir ón 23 Meitheamh 2017, i.e. an dáta ar taisceadh an Tuarascáil faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire ag an am.

Ba le litir ón 5 Iúil 2017, thug an Coiste faoi deara gur taisceadh an tuarascáil agus thug comhairle gur iarr sé ar Oifig an Tánaiste agus an Aire ag an am chun fógra a thabhairt dóibh nuair a thiocfadh an Tuarascáil ar fáil.

Cuireadh ina dhiaidh sin chun teacht os comhair an Choiste

Ba litir ón 14 Nollaig 2017 an chéad chomhfhreagras eile a fuarthas ón gCoiste, inar thug an Coiste a chuireadh chun teacht os a chomhair in athuair. Thug an Coiste cuireadh dom teacht os a chomhair ag an am an 16 Eanáir 2018, agus thug le fios go raibh:

> *"spéis faoi leith aige chun plé a dhéanamh ar na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar an imní leis an bpróiseas imscrúdaitheach ar thug an OSFC faoi, arna lua ag an mBreitheamh John Aylmer sa chás déanach maidir le sáruithe líomhnaithe d'Achtanna na gCuideachtaí";* agus
>
> *"imní orthu freisin faoi líon na n-ionchúiseamh a tugadh os comhair an OSFC le deich mbliana anuas, agus tugann faoi deara gur tugadh cistiú €6m de chistiú arna leithdháileadh don OSFC ar ais don stát le trí bliana anuas"*.

Ba le litir ón 16 Nollaig 2017, d'fhreagair mé don Choiste chun deimhniú go mbeinn ag freastal ar an gcruinniú, agus thug mé le fios go bhfillfinn roimh an gcruinniú le haighneacht ar bith a mheasfainn bheith riachtanach nó ábhartha do chur chun cinn tuiscint an Choiste faoi na saincheisteanna inspéise dóibh.

Scríobh mé arís chuig an gCoiste an 22 Nollaig 2017. Ba é cuspóir na litreach chun:

- taifead a dhéanamh ar an bhfíric gur thug an Tánaiste ag an am faoin tráth sin comhairle do Dháil Éireann, bunaithe ar an gcomhairle a fuair sí ón Ard-Aighne, nach raibh an chumhacht dhlíthiúil aici chun an Tuarascáil a fhoilsiú;
- taifead a dhéanamh mar iarmhairt ar an méid roimhe seo, gur thug an Tánaiste ag an am tuilleadh comhairle do Dháil Éireann faoina rún chun "*…cuntas faoi theipeanna imscrúdaitheacha arna sainaithint ag an mBreitheamh Aylmer agus na céimeanna a nglactar leo chun aghaidh a thabhairt orthu";*
- tásc a thabhairt, cé gur shoiléir go mb'éigean don Tánaiste ag an am féachaint don chomhairle dhlíthiúil a fuair sí, nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt le "*cuntas ar…teipeanna imscrúdaitheacha"* ar bith, i bhfianaise a sainmhínithe, ar réimse saincheisteanna ní b'fhorleithne ar pléadh leo sa Tuarascáil.

Ba sa chomhthéacs sin a thug mé comhairle don Choiste:

- go raibh mé ag ardchéim chun doiciméad a ullmhú ar mhian liom a thaisceadh leis an gCoiste roimh an gcruinniú ("an Aighneacht"); agus
- gurbh é cuspóir na hAighneachta chun an fhaisnéise riachtanach a chur ar fáil don Choiste chun é a chumasú chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, lenar áiríodh an OSFC a choimeád cuntasach, ar bhunús cearteolasach.

Thug mé comhairle shonrach don Choiste go dtugtar aghaidh san Aighneacht ar:

- ar chineál na saincheisteanna a bhí mar rannchur le cinneadh bhreitheamh na trialach chun ordú a thabhairt don ghiúiré chun an cúisí a éigiontú ar gach scór den díotáil;
- ar a mhéad agus a tháinig na saincheisteanna úd aníos mar thoradh ar chomhlíonadh a feidhmeanna ag an OSFC, agus ar a mhéad agus a tháinig na saincheisteanna sin aníos ar chúiseanna eile;
- ar na fachtóirí a rannchuir leis na saincheisteanna úd ag teacht aníos; agus
- an comhthéacs inar tháinig na saincheisteanna úd aníos.

Thug mé tuilleadh comhairle gurb é cuspóir tánaisteach a bhaineann leis an Aighneacht ná chun a áirithiú, sna himthosca mar a mbíonn ról ag an gCoiste chun reachtaíocht a scrúdú leis an bhfeidhm chun an OSFC a aistriú chuig Gníomhaireacht aonair (i.e. Acht na gCuideachtaí nua), go mbíonn an t-eolas riachtanach ag an gCoiste lena chumasú chun an fheidhm sin a chomhlíonadh leis an eolas cuí.

Ba i gcomhthéacs an méid roimhe seo, agus go sonrach ag féachaint do chineál na n-ábhar leis an Aighneacht, d'fhéach mé roinnt soiléirithe a fháil ón gCoiste, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bpribhléid agus le bainistiú an riosca maolaithe. Thug mé le fios go soiléir ámh, d'ainneoin go rabhthas ag lorg roinnt soiléirithe, gurbh amhlaidh an cás go mbeinn ag freastal ar an gcruinniú a bhí sceidealaithe do 16 Eanáir 2018.

Tharla malartú comhfhreagrais ansin, leis an gCoiste ag lorg eolais agus soiléirithe breise áirithe, ar soláthraíodh iad go léir. D'eisigh an Coiste litir liom an 31 Eanáir 2018 mar thoradh ar an gcomhfhreagras úd. Thug an Coiste le fios sa litir sin:

i. gurbh iad na cúrsaí a phléifí ag an gcruinniú ag teacht aníos:
   - ról agus feidhmiú an OSFC arna leagan amach in alt 949 den Acht;
   - saincheisteanna rialachais san OSFC;
   - líon na n-ionchúiseamh a thug an OSFC le deich mbliana anuas (gan aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna substainteacha ag éirí aníos);
   - tabhairt ar ais don Stát den €6m de chistiú a leithdháileadh don OSFC le 3 bliana anuas;

ii. bheadh an cruinniú sceidealaithe le haghaidh tar éis chríochnú na trialach leanúnaí idir *SIP v Drumm*[4]; agus

iii. bhíothas ag síneadh an chuiridh leis an tuiscint shoiléir, mura agus nó go n-iarrfadh an Coiste:
   - nach bpléifí triail Mr. Seán FitzPatrick ná cúrsaí gaolmhara ag an gcruinniú; agus
   - nach bhfaigheadh an Coiste aighneacht ná tuairisc ar bith i ndáil leis an imscrúdú ónar cúisíodh Mr. Seán FitzPatrick, ónar cuireadh é ar a thriail agus ónar éigiontaíodh é i dtaca le cionta amhrasta.

Ba le litir ón 7 Feabhra 2018, a d'fhreagair mé don Choiste ag léiriú na tuairime, ag féachaint inter alia don chaoi, i rith na tréimhse idir na blianta 2009 agus 2012, inar ídíodh iomláine chumas imscrúdaitheach OSFC lena dlúthbhaint le cúrsaí i ndáil le banc Anglo, nach bhféadfaí aon mheasúnú ar a fheidhmíocht le deich mbliana anuas a fheidhmiú gan machnamh a thabhairt ar iomláine a ghníomhaíochtaí thar an tréimhse sin.

Faoi thráth scríofa na tuarascála seo, is ansin atá cúrsaí faoi láthair óir go bhfuil an triail réamhluaite idir *SIP v Drumm* fós ar siúl. Idir an dá linn, tugadh comhairle don Choiste go bhfuil an Aighneacht sin fós ar fáil dó.

TUAIRIMÍ DEIRIDH

Ba dheacair agus dúshlánach araon é an chéad leath den bhliain don OSFC agus dá foireann. Tá ceachtanna foghlama ann do gach duine a d'fheidhmigh rannpháirt sna himeachtaí bunúsacha sin. Óna thaobh féin de, agus d'ainneoin an chaoi den chuid is mó, gur tháinig cáineadh breithiúnach ar an OSFC ó na saincheisteanna ó bheagnach deich mbliana ó shin, d'fhéach an OSFC an chaoi chun foghlaim ón taithí úd. I dteannta leis na ceachtanna maidir leis an gcleachtadh agus leis an nós imeachta imscrúdaitheach, táthar tar éis ceachtanna luachmhara a fhoghlaim maidir leis na rioscaí fíor-réadúla a bhaineann leis an iomarca a dhéanamh leis an mbeagán. Dá dtiocfadh an uair go gcuirfí na himeachtaí úd faoi scrúdú Parlaiminteach, is amhlaidh a sholáthróidh OSFC cuntas iomlán agus ionraic ar na himeachtaí úd, agus ar réimse iomlán na bhfachtóirí rannchuiditheacha, ónar tháinig cinneadh bhreitheamh na trialach chun an giúiré a ordú chun an cúisí a éigiontú ar gach scór den díotáil.

Ba i gcomhthéacs an méid roimhe seo, ar mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na hAirí reatha agus roimhe seo. Ms. Heather Humphreys, T.D., Ms. Mary Mitchell O'Connor, T.D. agus Ms. Frances Fitzgerald, T.D. as ucht a dtacaíochta, go háirithe le linn deacrachtaí don Oifig agus dá baill foirne. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin don tacaíocht a fuarthas ón Roinn Ghnó, Fiontair & Nuálaíochta i rith na tréimhse sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go sonrach le Ms. Breda Power agus leis an Dr Orlaigh Quinn.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe, lena n-áirítear iad siúd a d'imigh ón OSFC i rith na bliana faoi athbhreithniú, agus ina diaidh sin, nach raibh staonadh lena neart, a dteacht aniar, agus a dtoilteanas chun é sin a dhéanamh agus a thuilleadh nach é, i mo thuairimse féin.

Ian Drennan
Stiúrthóir

30 Aibreán 2018

4 Cás SIP Uimhir: 2018/2880/DIR01


SRACFHÉACHAINT

FORFHEIDHMIÚ

Foinsí dár obair

- Fuarthas os cionn 1,100 tuarascáil reachtúil agus atreorú ó leachtaitheoirí, iniúchóirí, scrúdaitheoirí, comhlachtaí gairmiúla agus údaráis rialála agus forfheidhmiúcháin eile (2016: 1,050)
- Athbhreithníodh 234 (2016: 248) gearán ó bhaill an phobail
- Gineadh 97 (2016: 128) ionchur go hinmheánach

Aschur ónár n-obair

- Mar mhalairt chomhréireach agus chost-éifeachtúil ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, eisíodh rabhaidh chuig 58 (2016: 59) cuideachta
- Rinneadh sáruithe iasachtaí stiúrthóirí, i 39 cás (2016: 60), agus go dtí thart ar luach comhlán €15.5m (2016: €17m), a cheartú de bhun ghníomhaíochtaí an OSFC
- Tar éis iniúchadh na dtuairiscí arna dtaisceadh ag leachtaitheoirí na gcuideachtaí dócmhainneacha:
  - cuireadh srian le 91 stiúrthóir cuideachta faoi réimeas na nGnóthas Srianta;
  - cuireadh srian le 31 stiúrthóir cuideachta ag an Ard-Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí;
  - dícháilíodh 1 stiúrthóir cuideachta amháin faoi réimeas na nGnóthas Dícháilithe; agus
  - dícháilíodh 9 stiúrthóirí cuideachta ag an Ard-Chúirt de bhun iarratas leachtaitheoirí;
- Eisíodh 47 (2016: 108) treoir ar pháirtithe ábhartha ina ceanglaíodh orthu cloí lena n-oibleagáidí reachtúla faoin dlí cuideachtaí
- Eisíodh 58 (2016: 7) éileamh maidir le táirgeadh taifid chuntasaíochta agus doiciméid ábhartha eile cuideachtaí, leabhair chuntasaíochta agus doiciméid tríú páirtithe agus soláthair mínithe agus cúnamh;
- Forghníomhú 4 bharánta cuardaigh agus cumhacht gabhála a fheidhmiú faoi 3 huaire;
- Iarratais éagsúla chun na hArd-Chúirte sa tsúil chun imscrúduithe a chur ar aghaidh agus gníomhaíochtaí forghníomhaithe eile;
- Ag cloí leis an iomlaoid straitéiseach leanúnach i dtreo imscrúdú na dtáscairí níos tromchúisí den fhealltacht:
  - 4 (2016: 5) chomhad imscrúdaithe a chur faoi bhráid an SIP lena mbreithniú, agus áirítear ar na moltaí cúisimh faoin dlí cuideachtaí agus faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 agus an dlí coiteann;
  - pléadálacha ciontacha ó 3 daoine ar leithligh de bhun orduithe arna n-eisiúint ag an SIP tar éis bhreithniú na gcomhad imscrúdaithe OSFC, ónar tháinig ar a seal féin gearradh 2 phianbhreith choimeádta agus fíneáil airgeadaíoch; agus
  - cásualach reatha d'imscrúduithe mórscála, má bhreithnítear iad chun bheith iomchuí trí thagairt don fhianaise infhaighte, a d'fhéadfaí a tharchur don SIP tar éis a gcríochnaithe lena mbreithniú ar cheart cúiseanna a ordú ar díotáil.

TATHANT

- seachadadh 26 cur i láthair faisnéise (go lucht éisteachta/faisnéise comhcheangailte thart ar 1,350)
- freastal ar 16 imeachtaí le stainnín faisnéise taispeántais

AIRGEADAIS

- Ba ionann an costas maidir leis an Oifig a reáchtáil in 2017 agus €3m, thart ar 61% dá leithdháileadh don bhliain agus méadú 10% ar an mbliain roimhe sin.

FEABHSÚ CUMAIS

- Earcú Speisialtóra san Fhóiréinsic Dhigiteach
- Bunú Saotharlainne úrscothaí san Fhóiréinsic Dhigiteach
- Earcú Cuntasóra Imscrúdaithigh bhreise
- Earcú 2 Bhainisteoirí Punainne Forfheidhmithe
- Poist mar Bhleachtaire Cigire agus Bleachtaire Garda líonta, ag tabhairt líon foirne an Gharda chuig an leibhéal faofa dá réir
- Ag deireadh na blianta, bhí próisis earcaíochta ar siúl do cheapadh 2 Chuntasóirí Imscrúdaitheacha breise agus 2 Dhlíodóieí Forghníomhaithe

CAIBIDIL 1

FORBHREATHNÚ AR OSFC

SAINORDÚ REACHTÚIL

Acht na gCuideachtaí 2014 (árna leasú)

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 ("an tAcht") i bhfeidhm le linn 2015. Ach amháin nuair a éilíonn na cúinsí é, dá réir sin, baineann gach tagairt reachtúil sa Tuarascáil seo leis an Acht i gcodarsnacht le hAchtanna na gCuideachtaí ar cuireadh ina n-ionad é. Is féidir téacs iomlán an Achta a rochtain ar shuíomh gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann[5].

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Déanfar foráil i gCuid 15, Caibidil 3 den Acht i leith phost an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Chorparáideach ("Stiúrthóir"). Tugtar cuidiú don Stiúrthóir, a cheapann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ("an tAire"), lena s(h)ainordú reachtúil a chur ar aghaidh trí:

- foireann arna sainiú ag an Aire; agus
- baill den Gharda Síochána a fhaightear ar iasacht ón Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch chun na críche sin

Le chéile, cuimsíonn iad siúd a luadh thuas Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("OSFC"/"an Oifig").

Príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra

Tá príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra leagtha amach san Acht[6]. Áirítear orthu sin:

i. comhlíonadh an Achta a spreagadh;

ii. imscrúdú a dhéanamh ar chásanna cionta líomhnaithe faoin Acht;

iii. an tAcht a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear le hionchúiseamh na gcionta trí imeachtaí achoimre[7];

iv. cásanna a atreorú, dá rogha féin, chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ("SIP") sa chás go bhfuil forais réasúnta ag an Stiúrthóir lena chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte[8] faoi Acht; agus

v. ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is a cheapann sé é a bheith riachtanach nó iomchuí, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht.

Lena chois sin, déantar foráil in alt 192 den Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015 ("Acht GÉCS") go bhféadfadh an Stiúrthóir, sa bhreis ar na feidhmeanna a tugadh dó leis an dlí cuideachtaí, na feidhmeanna a tugadh dó le hAcht GESC a fheidhmiú agus cibé gníomhartha nó rudaí a dhéanamh de réir mar is gá nó mar is áisiúil i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna sin.

Neamhspleáchas an Stiúrthóra

Déantar foráil san Acht[9] go mbeidh an Stiúrthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a f(h)eidhmeanna.

SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

Bunaithe ar na príomhfheidhmeanna reachtúla atá leagtha amach thuas, is iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil OSFC le linn na bliana atá faoi athbhreithniú:

I. Tuiscint níos fearr ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoin dlí cuideachtaí a chur chun cinn;

II. Aghaidh a thabhairt ar iompraíocht neamhfhreagrach a mhéid is a bhaineann sé leis an dlí cuideachtaí; agus

III. Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Tugtar tuilleadh faisnéise ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí ar bhféachadh dóibh agus a rinneadh faoi seach le linn na bliana faoi athbhreithniú chun na spriocanna sin a bhaint amach sa chuid eile den Tuarascáil seo mar a leanas:

- *Caibidil 2* - Tuiscint níos fearr ar chearta agus ar chearta agus dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoin dlí cuideachtaí a chur chun cinn
- *Caibidil 3* - Aghaidh a thabhairt ar iompraíocht neamhfhreagrach a mhéid is a bhaineann sé leis an dlí cuideachtaí
- *Caibidil 4* - Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha

5 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/38/enacted/en/pdf
6 Alt 949 d'Acht na gCuideachtaí, 2014
7 i.e. os comhair na Cúirte Dúiche
8 Is éard is cion indíotáilte ann cion ar féidir é a thriail ar díotáil, i.e. os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda.
9 Alt 949(3) d'Acht na gCuideachta, 2014

ACMHAINNÍ, STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA, SOCRUITHE RIALACHAIS AGUS PRÍOMHSHRUTHANNA OIBRE

Acmhainní daonna

Tá líonta foirne OSFC ag tús agus deireadh na bliana faoi seach mionsonraithe i dTábla 1 thíos.

Tábla 1 Líon Foirne OSFC

Líon Foirne (CL[10])	31 Nollaig, 2017	31 Nollaig, 2016
Líon iarbhír atá i bhfeidhm	39	37.5

Líonadh an dá phost mar Bhainisteoir Punainne Forghníomhaithe tar éis próiseas earcaíochta sa bhliain 2017, i dteannta le post breise amháin mar Chuntasóir Imscrúdaitheach agus an post do Speisialtóir san Fhóiréinsic Dhigiteach. Líonadh freisin na folúntais ag leibhéal Cigir agus Bleachtaire Garda freisin. Tháinig folúntais bhreise aníos i rith na bliana ámh ar chúiseanna éagsúla.

Tá comhdhéanamh líon foirne na hOifige amhail an 31 Nollaig, 2017, mar aon le sonraí comparáideacha, leagtha amach i dTábla 2 thíos.

Tábla 2 Anailís ar iarbhír foirne (CL)

Grád	31 Nollaig, 2017	31 Nollaig, 2016
Stiúrthóir	1	1
Ceannasaithe Feidhme (ach amháin Garda)	3[11]	3[12]
Comhairleoirí Dlí	1	1
Speisialtóir Fóiréinseach Digiteach	1	0
Cuntasóirí Fóiréinseach	5	5
Aturnaetha	1	1
Príomhoifigigh Cúnta	3	3
Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin	5.8	7
Oifigigh Feidhmiúcháin	5.5	4.8
Oifigigh Cléireachais	5.7	6.7
Bleachtaire Gardaí (ar iasacht ó Biúró an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch)		
Cigire	1	0
Sáirsint Bleachtaireachta	2	2
Bleachtaire Gardaí	4	3
Iomlán	**39**	**37.5**

10 Coibhéiseach Lánaimseartha
11 2 Bainisteoir Punain Forfheidhmiúcháin agus Príomhoifigeach amháin
12 Comhairleoir Dlí amháin, Aturnae amháin agus Príomhoifigeach amháin

Fóiréinsic Dhigiteach

Tá saotharlann shaintiomanta ag an oifig faoi láthair don fhóiréinsic dhigiteach, atá trealmhaithe chun tabhairt faoi scrúduithe fóiréinseacha digiteacha. Áirítear leis an tsaoráid a seomra cumarsáide ar leithligh féin chun éascú don líonrú saintiomanta agus réitigh stórála comhad ar an láthair, agus áirítear leis freisin réitigh stórála slána d'fhianaise chun slabhra na fianaise a áirithiú. Bhraith an Oifig roimhe seo den chuid ba mhór ar chonraitheoirí tríú páirtí agus ar An Garda Síochána chun an fheidhm sin a chomhlíonadh.

Tá an cumas iniompartha san fhóiréinsic dhigiteach tar éis cuidiú sna hoibríochtaí le ceistiú gléasanna agus líonraí corparáideacha in situ nuair a fhorghníomhaítear na barántaí cuardaigh. Ligeann sé seo do imscrúdaitheoirí faisnéis ábhartha a shainaithint agus chun an méid céanna a bhaint gan riachtanas líonra corparáideach a díchóimeáil agus cur isteach ar oibríochtaí le cuideachta éigin. Foráladh an cumas leis na hacmhainní breise sin chun réiteach fóiréinsice digití a bhunú ag stáisiúin Gharda chun tacaíocht imscrúdaitheach a sholáthar agus na hamhrastaigh faoi choimeád á gceistiú ag foireann na OSFC.

Acmhainní airgeadais

Tá an Oifig maoinithe trí Vóta na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ("an Roinn") (Vóta 32). Tá sonraí maidir le leithdháileadh agus caiteachas faoi seach na hOifige do 2017 leagtha amach i dTábla 3 thíos.

Tábla 3 Leithdháileadh airgeadais agus caiteachas - 2017

	Cionroinnt €000s	Caiteachas €000s	%
Pá	2,838	1,976	70
Neamhphá	2,057	1,038	50
Costais Dlí Eiseachtúil	50	0	0
Iomlán	**4,945**	**3,014**	**61**

Ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna maidir leis an bhfáth a raibh an caiteachas iarbhír difriúil ón leithdháileadh:

- coigiltis ar phá mar thoradh ar fholúntais a tháinig chun cinn le linn na bliana (scor agus aistriú amach go príomha) nach raibh líonta ag deireadh na bliana agus an mhoill ra earcú foireann nua ar ina leith a raibh ceadú deonaithe cheana; agus
- áiríodh ar an leithdháileadh neamh-phá don bhliain soláthar do chostais féidearthacht a bhain le dlíthíocht ina raibh an Oifig ina páirtí. Bhí na costais a tabhaíodh le linn na bliana ar na cásanna sin ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo.

Tá anailís níos mionsonraithe maidir leis an gcaiteachas a tabhaíodh le linn na bliana leagtha amach in Aguisín 1 leis an Tuarascáil seo.

Struchtúr eagrúcháin

Ag féachaint do phríomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra agus do na sreafaí oibre comhbhainteacha, baineann seacht nAonad le struchtúr na hOifige, le gach Aonad ag teacht faoi fhreagracht duine amháin den cheathrar Ceann Feidhme. Is san eagraghram ar leathanach 16 a leagtar amach struchtúr eagrúcháin na hOifige um 31 Nollaig 2017.



Príomhshruthanna oibre

De bharr chineál phríomhshruthanna oibre na hOifige éilítear leis an gcuid is mó díobh cur chuige ildisciplíneach a bhaineann le hidirghníomhaíocht leanúnach idir na hAonaid agus/nó comhoibriú gníomhach na nAonad chun cuspóirí corparáideacha a bhaint amach.

Dá réir sin, tá cumarsáid éifeachtúil idir na hAonaid, agus go nglacann gach Aonad peirspictíocht ar fud na heagraíochta agus a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige, ina fhachtóir ríthábhachtach. Dá réir sin, is é seo cur chuige a spreagann agus a éascaíonn foireann ceannaireachta na hOifige.

Tá príomhshruthanna oibre na hOifige leagtha amach sa Tábla thíos, mar aon le sonraí faoin áit a bpléitear go príomha le gach sruth oibre sa Tuarascáil seo.

Tábla 4 Príomhshruthanna oibre

Sruth oibre	Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha	Caibidil
Comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh	Sa chéad ásc, is ar an Aonad Tathanta atá freagracht as comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí. Mar sin féin, déanann an tAonad Tathanta teagmháil le hAonaid eile lena mbaineann d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus réimsí ar fiú tionscnaimh dhírithe tathanta iad a shainaithint.	2
Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a thathant	Ag brath ar chineál an ábhair, sanntar forbairt aighneachtaí OSFC d'aonad amháin nó níos mó ná aonad amháin. I gcoitinne, áfach, déanfar forbairt na n-aighneachtaí a chomhordú tríd an Aonad Tathanta.	2
Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar thuairiscí leachtaitheoirí	Déanann an tAonad Dócmhainneachta tuairiscí leachtaitheoirí a phróiseáil. Déanann Cás-Oifigigh. Cuimsíonn an sruth oibre seo an córas Gealltanas a cuireadh i bhfeidhm le gairid, ar a dtugtar tuilleadh mionsonraithe níos déanaí sa Tuarascáil seo.	3

13 Tar éis deiredh na bliana, d'aistrigh an tUasal Brennan amach as an Oifig. D'earcaíodh Dlíodóir Forfheidhmithe, Ms. Suzanne Gunn, BL, ina dhiaidh sin.

Sruth oibre	Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha	Caibidil
Scrúdú gearán agus tuairiscí reachtúla	Tá freagracht ar an fheidhm Forfheidhmiú as gearáin agus tuairiscí reachtúla (ar nós tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó iniúchóirí, mar shampla) a scrúdú. Ag brath ar chineál na saincheisteanna a thagann aníos, féadfaidh an fheidhm Forfheidhmiú: • aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna é féin, m.sh. trí bhíthin coigeartú/ leasú deonach nó trí chumhachtaí áirithe de chuid chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra á n-úsáid; • an cheist a ainmniú a bheith le tuilleadh imscrúdaithe; • an cheist a tharchur chuig an Aonad Dócmhainneachta, m.sh., i gcás ina mbaineann na saincheisteanna i gceist le cuideachta dhócmhainneach atá faoi leachtú; • an cheist a tharchur chuig tríú páirtí, mar shampla, comhlacht rialála nó forfheidhmithe eile.	3
Dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta	Den chuid is mó, déanann feidhm Forfheidhmithe dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta a bhainistiú. Comhbhainistíonn feidhmeanna Dóchmhainneachta agus Forfheidhmithe dlíthíocht shibhialta, ar nós dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh as an gClár[14] le linn dóibh fiachais neamhscaoilte a bheith acu a iarraidh.	3
Imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh	Déanann an feidhm Forfheidhmithe i gcomhar le hAonad an Gharda Síochána, imscrúdú ar sháruithe coiriúla féideartha Achtanna na gCuideachtaí. A luaithe is a dhéantar cinneadh chun tús a chur le himeachtaí coiriúla achoimre, éiríonn an t-ionchúiseamh ina ionchúiseamh comhoibrithe idir an feidhm Forfheidhmithe agus Aonad an Ghárda. I gcás imscrúduithe in atáthar ionchúiseamh ag brath a dhéanamh ionchúiseamh ar díotáil, baineann comhoibriú idir an feidhm Forfheidhmithe agus Aonad an Ghárda. I gcásanna ina ndéanann an SIP, tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe faoi mar a bhí sé curtha ag an Oifig, cinneadh chun ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh, bíonn freagracht ar an feidhm Forfheidhmithe agus Aonad an Ghárda go príomha as tacaíocht ina dhiaidh sin a chur ar fáil d'Oifig an SIP (mar shampla, maidir le nochtadh leis an gcosaint).	3
Maoirseacht ar iompar leachtaitheoirí	Is éard atá i ngníomhaíochtaí a dhéantar chun maoirseacht a dhéanamh ar iompar leachtaitheoirí (ar nós, mar shampla, léiriú leabhar agus taifead leachtaitheoirí a iarraidh) ná iarracht chomhoibríoch idir an tAonad Dócmhainneachta agus an feidhm Forfheidhmithe.	3
Soláthar seirbhísí tacaíochta	Is é an tAonad Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach go príomha as seirbhísí tacaíochta a sholáthar. Tá freagracht ar gach Aonad as cabhrú leis an Aonad Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán oibleagáidí OSFC mar Oifig a mhaoinítear go poiblí (m.sh. i réimsí an tsoláthair, na nósanna imeachta imréitigh cánach, srl.).	4
Bainistíocht agus forbairt caidrimh	Cé go mbeidh méid níos mó idirphlé le páirtithe leasmhara seachtracha áirithe ag Aonaid áirithe ná a bheidh ag aonaid eile, de bhrí chineál a n-oibríochtaí príomha, is amhlaidh nádúr idirnasctha na heagraíochta go bhfuil ról ag gach Aonad i mbainistíocht agus i bhforbairt caidrimh leanúnach.	2

14 Féach ar www.cro.ie le haghaidh tuilleadh eolas faoin Clár.

CAIBIDIL 2

TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS AR DHUALGAS BA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOIN DLÍ CUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN

TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS AR DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOIN DLÍ CUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN - RÉAMHRÁ

Soláthraítear sonraí sa Chaibidil seo faoi na príomhstraitéisí ar bhféachadh an Oifig dóibh, agus na príomhghníomhaíochtaí a rinne an Oifig le linn na bliana faoi athbhreithniú chun an sprioc thuasluaite a chur chun cinn. Go hachomair, áiríodh ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí sin:

- forbairt agus fógairt foilseachán agus ábhar treorach eile;
- páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear cuir i láthair a sheachadadh, freastal ar sheimineáir agus ar thaispeántais agus déileáil le fiosrúcháin um dhlí cuideachtaí maidir le raon ceisteanna ó bhaill an phobail;
- tacaíocht a thabhairt le haghaidh feabhsuithe reachtaíochta agus beartais; agus
- caidrimh a bhainistiú agus a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha.

FOILSEACHÁIN AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOR-ROCHTANA

Foilseacháin

Tar éis Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017 a shíniú ina dhlí i mí na Bealtaine 2017 agus ar feitheamh Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018 atá ceaptha chun tosú i rith 2018, tá an Oifig ag nuashonrú faoi láthair a foirne treorach faisnéise chun na hathruithe sa dlí a léiriú. Táthar ag dúil go bhfoilseofar na cáipéisí leasaithe sa dara leath den bhliain 2018.

B'amhlaidh i gcaitheamh na bliana faoi athbhreithniú, a eisíodh tuairim 9,500 cóip fhisiciúil d'fhoilseacháin éagsúla na OSFC, go háirithe (leasaithe, Leabhair Faisnéise agus Treoracha Tapa, le páirtithe leasmhara. Eisíodh na foilseacháin úd mar fhreagra ar an éileamh poiblí, ag imeachtaí, taispeántais agus láithreoireachtaí, nó mar thoradh ar fhreastal orthu, nó mar thoradh ar theagmháil dhíreach ag daoine leis an Oifig. Ina theannta sin, agus le comhaontú na OSFC, d'eisiigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ("OCC") Treoir Thapa maidir le róil agus dualgais na stiúrthóirí le daoine a chláraíonn cuideachtaí nua. Eisíodh treoir fhisiciúil san am atá caite, ach is go lecitreonach anois a eisítear an treoir anois mar léiriú ar aistriú an OCC chuig meán leictreonach, rud a d'ísligh líon na gcóipeanna fisiciúla arna n-eisiúint ag an Oifig faoi thuairim 6,000.

Seimineáir agus taispeántais

Príomhghné de straitéis abhcóideachta na hOifige is ea a clár for-rochtana. Baineann sé seo, i measc nithe eile, le seachadadh cur i láthair agus urlabhraí chuig grúpaí geallsealbhóirí, chomh maith le freastal ar thaispeántais agus ar imeachtaí inar dhócha go mbeadh fothacair amháin nó níos mó de lucht éisteachta/féachana na hOifige ann. Sainaithin an Oifig roinnt toghcheantair mar a bheith ina lucht féachana/éisteacha sprice, lena n-áirítear:

- daoine a bhfuil corprú á bhreathnú acu nó daoine a chorpraigh cuideachtaí le déanaí;
- gairmithe páirteach i gcomhairle a chur ar fáil do chuideachtaí agus do stiúrthóirí cuideachtaí, atá breá ábalta, de bhua na ngníomhaíochtaí sin, teachtaireacht um chomhlíonadh OSFC a athsheachadadh chuig cliaint agus mar sin lucht féachana/éisteachta na hOifige a mhéadú go mór;
- mic léinn atá cláraithe ar chláir ghnó faoi láthair ar leibhéal fochéime agus iarchéime, tuarfar go mbeidh a lán díobh ina stiúrthóirí cuideachta nó ina gcomhairleoirí gairmiúla iad féin ar deireadh; agus
- an earnáil phobail agus an earnáil dheonach, nach bhfuil eolas chomh forbartha acu de ghnáth, de bharr a gcineáil, mar ghnó ginearálta, ar an dlí cuideachtaí agus, mar thoradh air sin, is gnáth go mbíonn treoir de dhíth orthu ar an dlí cuideachtaí agus ar chúrsaí rialachais chorparáidigh lena mbaineann.

Le linn na bliana, sheachaid foireann na hOifige 26 cur i láthair (2016: 43) chuig lucht féachana/éisteacha le chéile de thart ar 1,350 duine. Ina lán de na cuir i láthair sin pléadh go sonrach leis an Acht úr agus sainchúram agus beartais forfheidhmiúcháin feabhsaithe OSFC sa chomhthéacs sin. Le linn na bliana, chuir an Oifig 16 thaispeántas san iomlán (2016: 14) i láthair. Tá sonraí maidir leis na cuir chun cinn a seachadadh agus na taispeántais ar freastalaíodh orthu le linn na bliana leagtha amach in Aguisín 2 leis an Tuarascáil seo.

CAIDRIMH A BHAINISTIÚ AGUS A FHORBAIRT LE PÁIRTITHE LEASMHARA SEACHTRACHA

Lena cuspóirí reachtúla agus spriocanna gaolmhara a chur chun cinn, féachann an Oifig le caidrimh láidre agus éifeachtúla a fhorbairt agus a choinneáil le raon príomhpháirtithe leasmhara. Chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, áirítear ar phríomhpháirtithe leasmhara na hOifige an tOireachtas[15], an tAire, an Roinn, comhlachtaí reachtúla/rialála eile agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla do chuideachtaí agus do stiúrthóirí agus oifigigh cuideachtaí. Tá achoimre déanta thíos ar idirghníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana le cuid dá príomhpháirtithe leasmhara.

15 Téarma comhchoiteann do Thithe Uachtaracha agus Íochtaracha na Parlaiminte

Comhaltaí den Oireachtas

Faigheann an Oifig teachtaireachtaí ó chomhaltaí an Oireachtais ó am go chéile. De ghnáth, is ionann na teachtaireachtaí sin agus léirithe cáis maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil an dlí cuideachtaí á shárú ag páirtithe áirithe nó baineann siad le cásanna atá á n-athbhreithniú. Cé go bhfuil srian ar an Oifig go dtí an méid is féidir léi freagairt a thabhairt ar theachtaireachtaí dá leithéid trí bhua a hoibleagáidí reachtúla rúndachta, déanann sí a dícheall cibé cúnamh is féidir léi a chur ar fáil do Theachtaí Dálaí[16] agus do Sheanadóirí[17].

An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Lean foireann na hOifige le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe sa Roinn ar fud na bliana ar chúrsaí leasa choitinn.

OCC

Mar stór poiblí faisnéise ar chuideachtaí agus oifigigh chuideachta, tá ról ríthábhachtach ag an OCC maidir le tacaíocht a thabhairt don Oifig ina gcuid oibre. Chomh maith le teacht le chéile go rialta ar chúrsaí leasa choitinn, soláthraíonn foireann an OCC fianaise go rialta in imeachtaí OSFC agus, nuair a shainaithnítear é, ar sháruithe *prima facie* an dlí cuideachtaí.

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch ("BNGSCE")

Faoi mar a luadh i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo, áirítear roinnt Gardaí ar líon foirne na hOifige. Tá na Gardaí sin ar iasacht ó BNGSCE. Tá dlúthchaidreamh oibre na hOifige leis an nGarda Síochána, agus le BNGSCE go sonrach, fíorthábhachtach dá hobair forfheidhmiúcháin choiriúil. Sa chomhthéacs sin, tagann an Oifig le chéile le lucht bainistíochta sinsearaí BNGSCE ar bhonn rialta ar chúrsaí leasa choitinn.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ("ÚMICÉ")

De réir fhorálacha an Achta, tá an Stiúrthóirí ina chomhalta ar ÚMICÉ agus tá an ceart aige dá réir sin comhalta a ainmniú ar a Bhord Stiúrthóirí. Tá an tUasal Conor O'Mahony, Ceann na hOifige um Sheirbhísí Dócmhainneachta agus Corparáideacha, sa chomhthéacs sin, ina chomhalta de Bhord Stiúrthóirí an ÚMICÉ. D'fhreastail an tUasal O'Mahony ar gach cruinniú ábhartha I rith 2017. Beidh Tuarascáil Bhliantúil 2017 an ÚMICÉ ar fáil ar a shuíomh gréasáin[18] a luaithe is a chuirfidh an tAire faoi bhráid an Oireachtais í.

Chomh maith leis an gcaidreamh reachtúil seo mar a léirítear thuas, bhí an Oifig páirteach go rialta leis an ÚMICÉ le linn na bliana ar chúrsaí leasa choitinn, agus tionóladh cruinniú foirmiúil amháin le foireann shinsearach ÚMICÉ ar chúrsaí leasa choitinn le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

An Grúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Cuideachtaí ("GADC")

Comhlacht comhairleach a bunaíodh go reachtúil is ea an GADC[19] don Aire ar chúrsaí a bhaineann leis an dlí cuideachtaí. Tá an Stiúrthóir ina chomhalta den GADC agus déantar ionadaíocht ar son OSFC ag cruinnithe iomlánacha agus ag cruinnithe Coistí a mbaineann a gcuid oibre lena sainchúram.

DÓCMHAINNEACHT CHORPARÁIDEACH

Tá Ceann Dócmhainneachta agus Seirbhísí Corparáideacha na hOifige, an tUasal Conor O'Mahony, ina bhall den fho-choiste Dócmhainneachta Chorparáideach, a bhi ag scrúdú, i measc nithe eile, Dhlí Eiseamláireach ar Dhócmhainneacht Trasteorann an CNADTI, an Togra Eorpach le haghaidh Treorach ar Dhócmhainneacht, Athstruchtúrú agus an Dara Seans, atá sé de chúram air athbhreithniú na reachtaíochta ar an foirceannadh cuideachtaí.

COMHLÍONADH AGUS FORFHEIDHMIÚ

Tá an Stiúrthóir ina Chathaoirleach ar an bhfo-choiste um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú, atá sé de chúram air gnéithe comhlíonta agus forfheidhmithe reatha de dhlí na gcuideachtaí a scrúdú agus a chuid mholtaí a thuairisciú ar ais go dtí an iomlánach.

16 Comhaltaí Theach Íochtarach na Parlaiminte
17 Comhaltaí Theach Uachtarach na Parlaiminte
18 www.iaasa.ie
19 www.clrg.org

RIALACHAS CORPORÁIDEACH

Ball den fho-choiste maidir le Rialachas Corporáideach is ea an tUasal Conor O'Mahony, Ceann Dócmhainneachta & Seirbhísí Corporáideacha na hOifige, ar fochoiste é a cuireadh air scrúdú a dhéanamh ar aighneachtaí ar leith a tharchuireann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an GADC, aighneachtaí maidir le bearta (a dhéileálann le rialachas maidir le cuideachtaí) atá i gCuid 4 den Acht agus sna caibidlí iomchuí de Chodanna 16, 17, 18 agus 19. Déanfaidh an fochoiste measúnú freisin ar chóid eile deachleachtais sa rialachas corporáideach, de réir mar a mholtar agus/nó a cheanglaítear ag rialaitheoirí ábhartha.

An Banc Ceannais

Chuir OSFC agus an Banc Ceannais Meabhrán Tuisceana ("MT") i bhfeidhm lenar féidir le gach comhlacht, bunaithe ar a reachtaíocht bhunaithe faoi seach, faisnéis a atreorú chuig an gcomhlacht eile sa chás go bhfuil siad sásta go bhfuil baint ag an bhfaisnéis sin le sainchúram an chomhlachta eile.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ina chomhpháirtí tábhachtach de chuid na hOifige maidir lena hobair a chur ar aghaidh, go háirithe maidir le cúrsaí a bhaineann le dócmhainneacht. Tá MT ag ODCE agus ag na Coimisinéirí Ioncaim, atá bunaithe ar a reachtaíocht bhunúsach faoi seach, ar chumas gach comhlacht faisnéis a tharchur chuig an comhlacht eile sa chás ina bhfuil siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha maidir le sainchúram an eile.

Sa chomhthéacs sin, tháinig an dá chomhlacht le chéile roinnt uaireanta le linn na bliana. Ina theannta sin, roinn an dá chomhlacht faisnéis lena chéile maidir le cúig chúrsa faoi leith (2016: 5). Is ionann é seo leibhéal laghdaithe malartaithe i gcomparáid le blianta roimhe agus mínítear é seo leis an gcinneadh iarratais úra ar bith ar dhícháiliú i gcoinne stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh den chlár a ghlacadh a chur siar ag feitheamh ar chonclúid achomhairc arna dhéanamh ag an Oifig chun na Cúirte Achomhairc. Déantar an cúrsaí seo a mhíniú tuilleadh i gCaibidil 3 den Tuarascáil seo.

Gairm na Cuntasaíochta

Tá ról tábhachtach ag gairm na cuntasaíochta chun cuidiú le hobair na hOifige, trí oibleagáidí tuairiscithe na n-iniúchóirí (a mínítear tuilleadh sa chéad Chaibidil eile) agus tacaíocht níos leithne na gairme do theachtaireacht um chomhlíonadh na hOifige, agus an teachtaireacht sin a chur in iúl. Mar sin, féachann an Oifig le hoibriú go dlúth leis na comhlachtaí cuntasaíochta gairmiúla chun tacú leo lena chinntiú go bhfuil a gcomhaltaí ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla agus iad a chur ar an eolas faoin gcúnamh is féidir leis an Oifig a thabhairt dóibh siúd de chliaint a gcomhaltaí a bhfuil poist acu mar stiúrthóirí agus oifigigh chuideachta.

Stocmhalartán na hÉireann

Comhlacht eile is ea an Stocmhalartán lena bhfuil MT i bhfeidhm acu le OSFC agus, sa chomhthéacs sin, tionóladh cruinniú foirmiúil amháin le foireann shinsearach Stocmhalartán na hÉireann ar chúrsaí leasa choitinn le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

An Cumann Idirnáisiúnta Rialtóirí Dócmhainneachta ("CIRD")

Comhlacht idirnáisiúnta is ea CIRD a thugann le chéile taithí agus saineolas comhchoiteann rialtóirí dócmhainneachta náisiúnta ó 26 dlínse ar fud an domhain. Fóram luachmhar is ea CIRD, dá bhfuil an Oifig ina comhaltaí ó 2003, chun idirchaidreamh agus comhar a chur chun cinn idir a chomhaltaí agus chun faisnéis a chomhroinnt i réimsí leasa choitinn agus dea-chleachtais.

Na meáin

Déileálann an Oifig le méid suntasach d'fhiosraithe na meán gach bliain de ghnáth. Cé go bhfuil an Oifig eolach faoin ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag an meáin maidir le díospóireacht ar an dlí cuideachtaí, ceisteanna um chomhlíonadh agus um rialachas go ginearálta a chur in iúl, agus go ndéanann siad a ndícheall nuair is féidir déileáil le fiosruithe ginearálta, ní mór dóibh a bheith an-chúramach chomh maith sa dóigh a ndéanann siad é. Níl cead ag an Oifig faoina reachtaíocht rialaithe trácht poiblí ar bith a dhéanamh maidir le stiúradh imscrúduithe, ach amháin i dtaca le faisnéis atá sa réimse poiblí cheana. Chomh maith leis sin, tá an Oifig eolach faoi chearta daoine aonair agus daoine eile a thagann roimh na Cúirteanna, agus, dá bhrí sin, ní eisíonn sí tuarascálacha um dhul chun cinn nó faisnéis ar bith eile ar a gníomhaíocht forfheidhmiúcháin dá bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh do chaingne dlí amach anseo.

CAIBIDIL 3

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORÁLACHA AGUS FORFHEIDHMIÚ

STRUCHTÚR NA CAIBIDLE SEO

Tá an Chaibidil seo struchtúrtha ar bhealach ina ndéantar, in sna trí Chuid a leanas, ionchuir, tréchuir agus aschuir na hOifige a mhionsonrú.

CUID A: IONCHUIR

IONCHUIR SHEACHTRACHA

Cuirtear gníomhaíochtaí na hOifige maidir le haghaidh a thabhairt ar iompraíocht mhídhleathach agus neamfhreagrach chun cinn go méid substaintiúil, go díreach agus go hindíreach, le hionchuir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha. Is é sin feidhm toisc:

- go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe reachtúla don Oifig ag líon páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúchóirí, scrúdaitheoirí agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a dhéanann soláthar d'atreorú faisnéise, atá rúnda seachas sin, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmiúcháin sa chás go meastar go bhfuil faisnéis den sórt sin ábhartha d'fheidhmeanna na n-eintiteas eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal gach bliain.

Sa chomhthéacs sin, is iad seo a leanas na príomh-ionchuir a fuarthas ó fhoinsí seachtracha le linn na bliana:

Tábla 5 Ionchuir ó fhoinsí seachtracha

	2017	%	2016	%
Tuairiscí reachtúla				
Tuairiscí (tosaigh) ó leachtaitheoirí (a682)	652		683	
Tuairiscí (iardain) ó leachtaitheoirí (a682)	240		261	
Iomlán tuairiscí ó leachtaitheoirí (a682)	892	71	944	73
Tuairiscí ó leachtaitheoirí ar coiriúileacht féideartha (a723)	0		0	0
Tuairiscí indíotáilte ó iniúchóirí (a393)	82	6	69	5
Tuairiscí ó scrúdaitheoirí (a534)	28	2	5	0.4
Tuairiscí indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla (a931)	0	0	5	0.4
Tuairiscí neamh-indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla	4	1	–	–
Tarchuir				
Tarchuir ó pháirtithe seachtracha	21	1	28	2
Gearáin				
Gearáin ó bhaill den phobal	234	18	248	19
Eile				
Nochtadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014[20]	1	1	4	0.3
Líon iomlán ionchuir ó fhoinsí seachtracha	**1,262**	**100%**	**1,303**	**100%**

20 Maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear ar an Oifig a fhoilsiú de bhun Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, leagtar amach é níos déanaí sa Chaibidil seo faoin gceannteideal Aschuir.

Tá tuilleadh eolais tugtha thíos ar na príomh-ionchuir sheachtracha a bhrúigh ar aghaidh gníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana.

TUARASCÁLACHA ALT 682 LEACHTAITHEOIRÍ

Réamhrá - forbhreathnú ar chóras tuairiscithe leachtaitheoirí

Go hachomair, ceanglaítear ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá faoi leachtú dócmhainneach[21] leis an dlí[22] tuarascáil a chur ar fáil don Oifig maidir leis na cúinsí lenar theip ar an gcuideachta agus ar iompar duine ar bith a bhí ina stiúrthóir ar an gcuideachta le linn an dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir dul ar aghaidh agus iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar shrianadh[23] gach duine de na stiúrthóirí, mura dtugann an Oifig faoiseamh dóibh ón oibleagáid sin[24].

Is iad seo a leanas aidhmeanna bunúsacha an chórais tuairiscithe reachtúil:

- méid áirithe cosanta a chur ar fáil don phobal trína chinntiú nach mbeidh daoine faoinar chinn an Ard-Chúirt nár fheidhmigh siad go hionraic agus/nó go freagrach an tréimhse díreach sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú, maidir leis an tréimhse éigeantach cúig bliana um shrianadh, ábalta gníomhú ach mar stiúrthóirí ar chuideachtaí eile a chomhlíonann íoscheanglais um chaipitliú; agus
- a chinntiú gur féidir le daoine a measadh gur fheidhmigh siad, sa tréimhse díreach sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú, go hionraic agus go freagrach leanúint le bheith páirteach i ngníomhaíocht fiontraíochta trí chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan smachtbhanna nó pionós.

Agus a ról á chomhlíonadh aici maidir leis sin, bíonn an Oifig ag súil le leachtaitheoir an fhaisnéis ar fad atá ábhartha le cinneadh iomchuí a dhéanamh a chur ar fáil di. Spreagann sé leachtaitheoir chomh maith chun moltaí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh maidir le faoiseamh/gan aon fhaoiseamh faoi threoir thorthaí a n-imscrúduithe.

Breithníonn an Oifig ar fhaoiseamh a thabhairt sa chás go gcuireann leachtaitheoir bonn cirt bunaithe ar fhianaise ar aghaidh le tacú le héileamh gur fheidhmigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachta á ndéanamh aige nó aici. Agus a cinntí á ndéanamh aice, is mian leis an Oifig a chinntiú nach gcaithfidh stiúrthóir dul faoi ualach éisteacht na hArd-Chúirte gan ghá sa chás go bhfuil iompraíocht ionraice agus fhreagrach léirithe go soiléir aige nó aice agus gnóthaí an fhiontair ar theip air á ndéanamh aige nó aici. I ngníomh, feidhmíonn an Oifig mar scagaire chun réidh a fháil leis an ngá le breithniú na hArd-Chúirte ar na cásanna sin a ndealraítear fúthu nach dteastaíonn a haird.

Tá sé tábhachtach a shonrú áfach, nach hionann cinntí OSFC maidir le 'gan aon fhaoiseamh' nó 'faoiseamh páirteach' agus go bhfuarthas mí-ionracas nó neamhfreagracht i dtaca leis na stiúrthóirí lena mbaineann, agus bheadh sé iomchuí tátal nó líomhain dá leithéid a bhaint astu. Is cúrsa don Ard-Chúirt amháin é (i ndiaidh aighneachtaí an leachtaitheora agus an stiúrthóra (na stiúrthóirí) faoi seach a éisteacht) a chinneadh ar cheart nó nár cheart Dearbhú um Shrianadh a dhéanamh maidir le stiúrthóir cuideachta áirithe ar bith.

Gealltanais maidir le Srianadh agus Dícháiliú

Tugadh creat reachtúil isteach leis an Acht[25] den chéad uair, faoinar féidir le daoine aonair, a d'fhéadfadh a bheith orthu dul os comhair imeachtaí Cúirte ina áit sin, dul chun na Cúirte a sheachaint trí aontú go deonach le srianadh nó dícháiliú de réir mar is infheidhme (i.e., trí Ghealltanas dlíthiúil chuige sin a chur ar fáil).

Go hachomair, cuirtear rogha ar fáil san Acht do OSFC cibé acu Gealltanas a thairiscint nó gan Gealltanas a thairiscint. Sa chás go ndéanann OSFC tairiscint, ní mór í a dhéanamh san bhfoirm fhorordaithe, an leagan amach agus an t-ábhar atá ordaithe leis an Ionstraim Reachtúil (agus "Fógra" tugtha ar dhoiciméad na tairisceana). Ní mór breac-chuntas a leagan amach, inter alia, san Fhógra, maidir leis na cúinsí, na fíricí agus na líomhaintí lena mbunaítear na forais le haghaidh srianadh nó dícháiliú mar aon le sonraí faoi na héifeachtaí dlíthiúla a bhaineann le Gealltanas don duine a sholáthraíonn é.

Níl oibleagáid ar bith ar fhaighteoir Fógra an tairiscint a ghlacadh (i.e., an Gealltanas a chur ar fáil). Mar sin féin, sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an bhfaighteoir an tairiscint a ghlacadh, caithfidh siad é sin a dhéanamh laistigh de 21 lá (nó laistigh de cibé tréimhse níos faide a cheadódh OSFC). Le linn na tréimhse tairisceana sin, ní fhéadfaidh OSFC nó duine ar bith eile atá ar an eolas faoi eisiúint an Fhógra imeachtaí a thionscnamh maidir le srianadh agus dícháiliú fhaighteoir an Fhógra de bhun na gcúinsí, na bhfíricí agus na líomhaintí arna leagan amach san Fhógra.

21 Bíonn cuideachta dócmhainneach nuair nach bhfuil sí ábalta a fhiacha a íoc nuair atá siad dlite
22 Alt 682 d'Acht na gCuideachtaí 2014
23 Sa chás go bhfuil srian ar dhuine aonair faoi alt 819 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní fhéadfaidh léi/leis gníomhú ach mar stiúrthóir nó rúnaí cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an chuideachta lena mbaineann íoscheanglais áirithe um chaipitliú. I gcás cuideachta poiblí tteoranta teastaíonn scairchaipiteal glaoite íosta €500,000. I gcás cuideachta ar bith eile, is é €100,000 an figiúr comhfhreagrach..
24 Tá próiseas agus raon feidhme tuairiscithe leachtaitheoirí léirithe sna trí phríomhfhoilseachán OSFC, Fógra Cinneadh D/2002/3 arna fhorlíonadh le Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Faisnéise I/2009/1. Tá na doiciméid sin ar fáil ag www.odce.ie
25 Ailt 854 go 849 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

Sa chás go gcinneann faighteoir Fógra an tairiscint a ghlacadh agus Foirm um Ghlacadh Gealltanais sínithe go cuí a chur ar ais, beidh siad faoi réir Dearbhú/Ordú um Shrianadh nó um Dhícháiliú ar an mbonn céanna is dá mba rud é gur fhorchuir an Ard-Chúirt srianadh nó dícháiliú. Dá bhrí sin, beidh sárú ar bith ina dhiaidh sin ar théarmaí an srianta nó an dícháilithe ina chion coiriúil agus beidh sé mar an gcéanna le sárú ar shrianadh nó ar dhícháiliú arna bhforchur ag an gCúirt.

In ainneoin go bhféadfadh sé gur sholáthair stiúrthóirí cuideachta nó daoine eile Gealltanais go deonach, féadfaidh siad fós, mar sin féin, iarratas a dhéanamh leis an gCúirt - ag am ar bith le linn thréimhse an srianta nó an dícháilithe - ag lorg faoiseamh a fháil, go hiomlán nó i bpáirt, ó théarmaí an srianta nó an dícháilithe, de réir mar is infheidhme. Cé go mbreithneoidh OSFC iarratais ar bith den sórt sin de réir cáis i gcomhthéacs na bhfíricí agus na gcúinsí faoi leith, ag féachaint don ghá seasamh le sláine an phróiseas, tá sé tuartha go rachaidh OSFC, i bhformhór na gcásanna, i gcoinne iarratas dá leithéid.

Agus tagairt á déanamh do dhícháiliú, déantar foráil sa reachtaíocht gurb é cúig bliana an uastréimhse don dícháiliú is féidir le OSFC a thairiscint trí Ghealltanas. Dá bhrí sin, i gcúinsí ina bhfuil sé de thuairim OSFC go bhfuil gá le tréimhse dhícháiliúcháin níos mó ná cúig bliana (cinneadh a dhéantar faoi threoir fhíricí agus chúinsí faoi leith gach cáis agus dlí-eolaíochta ábhartha ar bith), ní dhéanfar tairiscint. Seachas sin, pléifear leis an gcúrsa trí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt.

Cuideachtaí ag dul faoi leachtú

Faoi mar a fheictear ón Tábla thíos:

- tháinig méadú ar líon iomlán na leachtuithe dócmhainneacha (i.e. leachtuithe crediúnaithe agus Cúirte araon) faoi thuairim 5% sa bhliain 2017, ach ní hionann é ach 51% de na leibhéil a chonacthas thiar sa bhliain 2012; agus
- tháinig laghdú ar líon na leachtuithe sócmhainneacha i rith na bliana 2017 i gcomparáid leis an mbliain 2016, ag freagairt do 61% de na leachtuithe go léir.

Tábla 6 Cuideachtaí ag dul faoi leachtú: 2012 - 2017

	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Leachtuithe creidiúnaithe	1,210	1,043	929	746	581	613
Leachtuithe Cúirte	107	76	78	70	61	63
Iomlán leachtuithe dócmhannacha	*1,317*	*1,119*	*1,007*	*816*	*642*	*676*
Leachtuithe Ball	919	848	1,001	1,034	1,112	1,040
Iomlán leachtuithe sócmhannacha[26]	*919*	*848*	*1,001*	*1,034*	*1,112*	*1,040*
Leachtuithe iomlán	**2,236**	**1,967**	**2,008**	**1,850**	**1,754**	**1,716**

Tuarascálacha alt 682 leachtaitheoirí a fuarthas – 2017

Faoi mar a fheictear ó Thábla 5 ar leathanach 23, fuarthas 892 tuarascáil alt 682 leachtaitheoirí san iomlán le linn na bliana (2016: 944), dá raibh:

- 652 díobh ina dtuarscálacha tosaigh[27] (2016: 683); agus
- 240 díobh ina dtuarscálacha ina dhiaidh sin[28] (2016: 261).

26 Cé nach bhfuil ról ar bith ag an Oifig maidir le leachtuithe sócmhainnigh (is é sin leachtuithe ball), áirítear sonraí díobh ar mhaithe comhláine.
27 Is éard is tuarascáil tosaigh ann an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir agus ní mór í a chur isteach laistigh de 6 mhí dá cheapachin/ceapachán. I bhformhór na gcásanna, bíonn an cinneadh cibé acu faoiseamh a thabhairt nó gan faoiseamh a thabhairt bunaithe ar an tuarascáil seo.
28 I roinnt cásanna teastaíonn tuarascáil ina dhiaidh sin a fháil ón leachtaitheoir nuair a bhíonn a imscrúduithe/himscrúduithe curtha ar aghaidh níos faide. Sa chás go gceaptar go bhfuil gá le tuarascáil ina dhiaidh sin, tugtar 'faoiseamh an tráth seo' maidir leis an tuarascáil tosaigh de ghnáth.

Cuirtear sonraí ar fáil sa Tábla thíos maidir le leithdháileadh earnála na gcuideachtaí i dtaca le tuarascálacha tosaigh na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana.

Tábla 7 Anailís earnálach ar thuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí a fuarthas - 2017

Earnáil	2017		2016	
	Líon	%	Líon	%
Mórdhíol & miondíol	200	31	174	25
Foirgníocht	73	11	92	13
Gnóthas pobail, sósialta & eile	61	9	89	13
Déantúsaíocht & priontáil	34	5	82	12
Óstáin, barrana & lónadóireacht	100	15	75	11
Margaíodh & bolscaireacht	15	2	46	7
Éastát réadach & ligean ar cíos	50	8	44	6
Teicnólaíocht & teileachumarsáid	40	6	31	4
Airgeadais & léasú	40	6	17	2
Iompar & dailiúcháin	16	2	15	2
Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara	18	3	12	2
Earcaíocht & seirbhísí slándála	5	1	6	1
Iomlán	**652**	**100%**	**683**	**100%**

Tráthúlacht thuairisciú na leachtaitheoirí

Thar an mbliain, d'eisigh an Oifig 43 (2016: 106) fógra chuig leachtaitheoirí inar tugadh comhairle dóibh go raibh siad i mainneachtain a n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla. Rinneadh beagnach gach ceann acu na mainneachtana a cheartú go pras mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin agus, mar thoradh air sin, bhí 97% de na tuarascálacha a bhí dlite le linn na bliana faighte faoi dheireadh na bliana agus ní raibh ach 6 chéad tuarascáil amuigh. Is íseal an leibhéal loiceadh leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin chuí, suas go dtí cúiseamh coiriúil agus é sin san áireamh, a bheith mar thoradh ar sháruithe leanúnacha mar sin ar oibleagáidí reachtúla.

Caighdeán um thuairisciú na leachtaitheoirí

Mar a tuairiscíodh sna blianta roimhe, measadh go raibh caighdeán thuarascálacha na leachtaitheoirí a fuarthas le linn na bliana an-sásúil ar fad. Mar sin féin, ní raibh cáilíocht an tuairiscithe i gcásanna áirithe den chaighdeán a theastaigh. Sa chás go dtagann sé seo, déileálfaí leo thrí rannpháirtíocht leis na cleachtóirí ábhartha. Bheadh formhór na leachtaitheoirí sin ina mball gComhlacht Cuntasóireachta Forordaithe agus, mar sin, faoi shainchúram maoirseachta an ÚMICÉ (féach tuilleadh léiriú thíos).

Cáilíocht le haghaidh ceapadh mar leachtaitheoir nó scrúdaitheoir

Tá alt 633 den Acht, lenar tugadh isteach rialacha úra le haghaidh cáilíocht le ghníomhú mar leachtaitheoir ábhartha i gcomhthéacs an mhéid thuas chomh maith. Sainítear san Acht cúig chatagóir daoine aonair atá i dteideal gníomhú mar leachtaitheoir. Is iad sin:

i. comhaltaí Comhlacht Cuntasóireachta Forordaithe a bhfuil deimhniú cleachtais aige nó aici;
ii. aturnaetha a bhfuil deimhniú cleachtais acu;
iii. comhaltaí comhlachtaí gairmiúla ar bith eile atá aitheanta chun na críche sin ag an ÚMICÉ (ceann ar bith faoi láthair);
iv. daoine atá cáilithe le gníomhú mar leachtaitheoir i stát LEE[29] eile; agus
v. daoine a bhfuil taithí phraiticiúil acu ar fhoirceannadh agus eolas acu ar an dlí ábhartha roimh thosach feidhme an Achta atá údaraithe ag an ÚMICÉ. Roimh údarú den chineál sin a thabhairt, caithfidh an ÚMICÉ a bheith sásta, agus iad téite i gcomhairle le OSFC, gur duine oiriúnach agus cuí é an duine le gníomhú mar leachtaitheoir.

29 An Limistéar Eacnamaíoch Eorpach

Féadfaidh duine a rinne iarratas leis an ÚMICÉ ar údarú faoi (v) thuas leanúint ag gníomhú ag feitheamh chinneadh a n-iarratais. B'amhlaidh faoi dheireadh na bliana 2017 a d'iarr an IAASA go foirmiúil tuairimí a fháil ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i ndáil 10 daoine atá tar éis iarratas a dhéanamh ar údarúchán faoin bhforáil sin. Táthar tar éis tuairimí an Stiúrthóra i leith na n-iarratas úd a chur in iúl don ÚMICÉ.

Chomh maith leis na ceanglais um cháilíocht atá forordaithe in alt 633, déantar foráil in alt 634 go gcaithfidh gach leachtaitheoir árachas slánaíochta gairmiúla ("ÁSG") imleor a bheith i bhfeidhm acu. D'eisigh an ÚMICÉ Rialacháin ina bhforordaítear an leibhéal riachtanach ÁSG a theastaíonn agus tá na Rialacháin sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚMICÉ[30].

Déantar foráil i bhforáil ghaolmhar, alt 519 den Acht, nach féidir le duine gníomhú mar scrúdaitheoir ach amháin má tá siad cáilithe le gníomhú mar leachtaitheoir.

DÁILEADH EARNÁLA IONCHUR SEACHTRACH EILE (I.E. IONCHUIR SHEACHTRACHA SEACHAS TUARASCÁLACHA ALT 682 LEACHTAITHEOIRÍ)

Mar a fheictear ó Tábla 5, i gcomhiomlán ba ionann na hionchuir sheachtracha sin seachas tuarascálacha alt 682 leachtaitheoirí agus os cionn 29% (2016: 27%) de na hionchuir sheachtracha a fuarthas le linn na bliana. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar dháileadh earnála na n-ionchur seachtrach eile sin.

Tábla 8 Leithdháileadh earnálach ionchur seachtrach cé is moite de thuairiscí 682 na leachtaitheoirí

Earnáil	2017		2016	
	Líon	%	Líon	%
Éastát réadach & ligean ar cíos	91	25	80	23
Nach cuideachta ann	30	8	55	15
Gnóthas pobail, sósialta & pearsanta	26	7	39	11
Árachas, sláinte & obair shósialta	25	6	33	10
Foirgníocht	19	5	24	7
Airgeadais & léasú	31	9	23	6
Déantúsaíocht & priontáil	20	5	19	5
Mórdhíol & miondíol	34	9	16	5
Teicnólaíocht & teileachumarsáid	25	7	15	4
Iompar & dailiúcháin	26	7	14	4
Óstáin, barrana & lónadóireacht	13	4	14	4
Margaíodh & bolscaireacht	10	3	12	3
Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara	12	3	7	2
Earcaíocht & seirbhísí slándála	8	2	4	1
Earnáil ghnó eile	0	0	0	0
Iomlán	**370**	**100%**	**355**	**100%**

30 http://iaasa.ie/getmedia/1a9c9ab1-994e-4491-8f6c-6d8a40d27f64/S-I-No-127-of-2016.pdf

GEARÁIN

Faigheann an Oifig líonta suntasacha gearán ó bhaill den phobal gach bliain. Le linn na bliana fuarthas 234 gearán ar an iomlán (2016: 248), arbh ionann é sin agus 18% (2016: 19%) de na hionchuir sheachtracha ar fad a fuarthas. Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar ábhar na ngearán a fuarthas.

Tábla 9 Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)

	2017		2016	
		%		%
Bainteach le Cruinnithe Cinn Bhliana Ginearálta/Urghnácha	28	12	33	14
Iompar stiúrthóra (dualgais & chomhdú)	29	13	31	12
Líomhaintí maidir le trádáil mheargánta/calaoiseach/ dócmhainneach	35	15	28	11
Líomhaintí brionnú/faisnéis/doiciméidí bhréige a thabhairt	12	5	23	9
Bainteach le fiachas gan íoc	13	5	19	7
Rochtain ar thaifid chuntasaíochta / miontuairiscí cruinnithe	13	5	14	6
Bainteach le clár na gcomhaltaí	10	4	12	5
Bainteach le iniúchadh/iniúchóir	16	7	10	4
Bainteach le glacadóireacht	2	1	9	4
Bainteach le seoladh cláraithe	17	7	8	3
Eisteanna ginearálta cearta scairshealbhóirí	5	2	7	3
Ag gníomhú mar stiúrthóirí le linn bheith féimheach/ srianta/ dícháilithe	0	0	7	3
Cuideachtaí ag trádáil agus iad bainte de Chlár/díscaoilte	9	4	5	2
Bainteach le úsaid míchuí den focail "Teoranta"	3	1	5	2
Leachtú/athchuideachta	11	5	5	2
Taispeáint sonraí gnó	0	0	4	2
Saincheisteanna bainteach le hathrú na deireadh na bliana cuntasaíochta	11	5	2	1
Eile	20	9	26	10
Iomlán	**234**	**100%**	**248**	**100%**

TUARASCÁLACHA CIONTA INDÍOTÁILTE INIÚCHÓIRÍ

Réamhrá - forbhreathnú ar chóras tuairiscithe iniúchóirí

Déantar foráil in alt 393(1) den Acht, sa chás, agus iniúchadh á dhéanamh acu agus de bhun iniúchadh a bheith á dhéanamh acu, go bhfaigheann iniúchóirí cuideachta faisnéis óna dtagann siad ar an tuairim go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go ndearna an chuideachta, nó oifigeach nó gníomhaí de chuid na cuideachta, cion indíotáilte faoin Acht, go bhfuil ceangal ar na hiniúchóirí an tuairim sin a thuairisciú don Oifig. Rinne an Oifig treoir a fhorbairt agus a fhoilsiú chun cuidiú le hiniúchóirí cloí lena n-oibleagáidí maidir leis sin[31].

Cineál na gcionta amhrasta a tuairiscíodh

Le linn na bliana, fuarthas 82 (2016: 69) tuarascáil um chionta indíotáilte ar an iomlán ó iniúchóirí (2015: 100). Sa Tábla thíos soláthraítear anailís ar chineál na gcionta amhrasta a cuireadh in iúl sna tuarascálacha sin. Ba cheart a shonrú nach dtagann líon na dtuarascálacha a fuarthas le líon na gcionta amhrasta a tuairiscíodh toisc go raibh tagairt déanta do níos mó ná cion amhrasta amháin sna tuarascálacha i roinnt cásanna.

Tábla 10 Anailís ar chionta indíotáilte a rabhthas in amhras orthu a thuairiscigh iniúchóirí

	2017		2016	
		%		%
Sárú iasachta stiúrthóirí	37	44	58	79
Mainneachtain leabhair chuí chuntas a choinneáil	15	18	10	14
Saincheisteanna bainteach le rochtain ar thaifid chuntasaíochta	1	1	2	3
Teip ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú	0	0	3	2
Saincheisteanna bainteach le ceadú na stiúrthóirí na ráitis airgeadais	2	2	1	1
Ráitis bhréigeach d'iniúchóirí	1	1	0	0
Oibleagáidí chun cuntais ghrúpa a ullmhú	2	2	0	0
Ráitis airgeadais d'eintitis	25	32	0	0
Iomlán	**83**[32]	**100%**	**74**[32]	**100%**

TUARASCÁLACHA NA SCRÚDAITHEOIRÍ

De bhun alt 534(6) den Acht, sa chás go gceaptar scrúdaitheoir ar chuideachta, soláthróidh sé/sí, a luaithe is féidir i ndiaidh é a ullmhú, cóip dá thuarascáil nó dá tuarascáil don OSFC. Fuarthas 28 tuairisc den sort sin ó scrúdaitheoirí tar éis bheith i dteagmháil leo agus eolas maidir lena iallach á thabhairt dóibh (2016: 5).

31 Fógra Cinnidh D/2006/2 – Treoir Leasaithe maidir le Dualgas Iniúchóirí Cionta Indíotáilte Amhrasacha a Thuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Rinneadh é sin a fhorlíonadh le déanaí le Fógra Faisnéise I/2009/4 - Cionta an Dlí Cuideachtaí a Thuairisciú: Faisnéis d'Iniúchóirí

32 Léirigh roinnt tuarascálacha iniúchóra níos mó ná aon chion amhrasta

TARCHUIR

Faoi mar a luadh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne lena gceadaítear malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála, comhlachtaí forfheidhmiúcháin agus comhlachtaí ábhartha eile, faoi réir cosaintí agus teorainneacha cuí eile. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig seo atreoruithe ó chomhlachtaí reachtúla agus ó eintitis eile ó am go chéile. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 21 (2016: 28) atreorú dá leithéid ó roinnt foinsí.

TUARASCÁLACHA UM CHIONTA INDÍOTÁILTE COMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA

Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta ("CCAanna")[33]

Sa chás go bhfuil forais réasúnta ag Coiste nó Binse Araíonachta CCA a chreidiúint go bhféadfadh sé go bhfuil cion indíotáilte faoin Acht déanta ag duine nuair a bhí an duine sin ina chomhalta de CCA, ceanglaítear ar CCA an cheist a thuairisciú don Oifig[34]. Cé go bhfuarthas 4 thuairisc i rith na bliana faoi athbhreithniú, ba thuairiscí neamh-indíotáilte iad siúd (2016: 5).

Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla ("CFGanna")

Mar an gcéanna, sa chás go bhfaigheann Coiste nó Binse Araíonachta CFG nár choinnigh comhalta a bhfuil leachtú[35], scrúdaitheoireacht[36] nó glacadóireacht[37] ar bun aige nó aici taifid chuí, nó má tá forais réasúnta acu a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte faoin Acht déanta ag an gcomhalta le inn leachtaithe, scrúdaitheoireachta nó glacadóireachta, ceanglaítear ar an CFG lena mbaineann an cheist a thuairisciú don Oifig.

Meastar na comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe bheith mar sin de bhuan aitheantas an IAASA dóibh mar sin de réir chuid 15 den Acht.

Tagraíonn "Comhlacht gairmiúil forordaithe" i dtaca le hailt 488, 558 agus 688 do choiste araíonachta nó do bhinse le comhlacht gairmiúil forordaithe a bhaineann le halt 633 (cáilíochtaí a shocrú do cheapadh leachtaitheoirí, scrúdaitheoirí agus glacadóirí).

Is iad seo a leanas na CFGanna úd:

- Dlí-Chumann na hÉireann
- CCCD - Comhlachas na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe
- CCI - Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta
- ICCB - Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta
- ICAPC - Institiúid Chairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta
- ICCSBB - Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana & sa Bhreatain Bheag
- ICCÉ - Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
- ICCA - Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain
- ICDPÉ - Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn
- ICPC - Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Corpraithe ar aistríodh a cuid ball chuige ICDPÉ Ireand chun cuspóirí rialála agus tacaíochta seirbhíse le feidhm ó 1 Meán Fómhair 2017

Ní bhfuarthas tuarascálacha den chineál seo ó CFGanna le linn na bliana (2016: 0).

33 Is éard is CCA ann comhlacht cuntasaíochta a bhfuil cead aige údarú a thabhairt dá chomhaltaí agus dá bhallghnólachtaí, ar an gcoinníoll gur shásaigh na comhaltaí sin critéir áirithe, chun gníomhú mar iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta faoi seach. Tá sé CCA ann, i.e.,:
- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC)
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDP)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (ICAEW)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain (ICAS)
- Institiúid na gCuntasóirí Corpraithe Poiblí (ICCP)

34 Alt 931(4) den Acht
35 Alt 688 den Acht
36 Alt 558 den Acht
37 Alt 448 den Acht

TUARASCÁLACHA LEACHTAITHEOIRÍ MAIDIR LE COIRIÚLACHT FHÉIDEARTHA

Chomh maith lena n-oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 682 mar atá sonraithe thuas, de réir alt 723(5) den Acht, ceanglaítear ar leachtaitheoirí, i gcúinsí ina ndealraítear go raibh iar-oifigeach nó oifigeach reatha ar bith de chuid na cuideachta lena mbaineann cionta as cion i dtaca leis an gcuideachta, tuarascáil a thabhairt don SIP agus an cheist a chur ar aghaidh chuig OSFC chomh maith. Baineann an oibleagáid tuairiscithe seo le gach leachtú, sócmhainneach agus dócmhainneach araon, (i.e. leachtú na gComhaltaí agus leachtú na gCreidiúnaithe Deonach agus leachtú Cúirte araon) mar an gcéanna. Le linn na bliana, níor fuarthas tuarascáil den sórt sin (2016: 0).

NOCHTUITHE FAOIN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014[38]

In Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, foráiltear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuarascáil é a bhaineann leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór go sonraítear an méid a leanas sa tuarascáil thuasluaite:

i. líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí;
ii. an gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin; agus
iii. aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh a iarrfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe ó am go ham.

Leagtar amach tuarascáil na hOifige faoi Alt 22 in Aguisín 3 a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

IONCHUIR INMHEÁNACHA

RÉAMHRÁ

Mar a fheicfear ón gcuid thuas den Chaibidil seo, tá an méid ionchur seachtrach a fuarthas den leithéid go osclaítear an chuid is mó comhaid chásanna mar fhreagra ar a dtugtar "ionchuir sheachtracha", m.sh., tuarascáil iniúchóra, tuarascail leachtaitheora agus gearáin ón phobail. Mar aon leis na hionchuir sheachtracha sin, gineann an Oifig ar a dtugtar "ionchuir inmheánacha" chomh maith trí chur chuige réamhghníomhach maidir le forfheidhmiú an Achta.

Bíonn éagsúlachtaí ann maidir le cineál agus comhdhéanamh ionchur inmheánach ó bhliain go bliain ag féachaint do roinnt breithnithe ábhartha, lena n-áirítear:

- cuspóirí comhlíonta agus/nó forfheidhmithe ar leith na hOifige sa bhliain áirithe sin nó thar timthriall ar leith;
- saincheisteanna téamacha agus/nó saincheisteanna aonuaire arna n-eascairt;
- acmhainní foirne atá ar fáil agus na tacair shainscileanna lena mbaineann; agus
- fíricí agus cúinsí ábhartha eile.

Dá bhrí sin, is féidir raon ionchur inmheánach a bheith ann, trasna ceannteidil fhorfheidhmithe éagsúla. Áirítear ar shamplaí léiritheacha:

- gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine, m.sh., daoine ar féimheacha neamhscaoilte, srianta nó dícháilithe iad;
- fiosrúcháin shibhialta nó fiosrúcháin coiriúla arna dtosú as a stuaim féin;
- gníomhaíochtaí i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte; agus
- gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú/iompar leachtaitheora.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ LENA NDÍRÍTEAR AR CHINEÁLACHA AR LEITH DAOINE, M.SH., DAOINE AR FÉIMHEACHA NEAMHSCAOILTE, SRIANTA NÓ DÍCHÁILITHE IAD

Le linn na bliana, tionscnaíodh fiosrúcháin i roinnt cásanna inar tháinig amhras chun cinn go raibh daoine arbh féimheacha neamhscaoilte, dícháilithe nó srianta iad ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí nó i róil shonracha eile (amhail mar iniúchóirí) ce nach raibh cead acu sin a dhéanamh.

38 Tá an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ar fáil ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/14/enacted/en/pdf

IMSCRÚDUITHE A TIONSCNAÍODH AR A CONLÁN FÉIN

Faoi mar a léiríodh thuas, tionscnaíonn an Oifig fiosrúcháin agus imscrúduithe ar a conlán féin sa chás go meastar go bhfuil gá leis sin nó go bhfuil sé riachtanach ag féachaint do na fíricí agus na cúinsí bunaidh. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith ina spreagthaigh do ghníomhaíochtaí dá leithéid:

- ceisteanna a aithnítear go hinmheánach;
- ceisteanna a atreoraítear go hinmheánach;
- ceisteanna a aithnítear de bhun athbhreithniú ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC nó doiciméid ábhartha eile;
- ceisteanna a aithnítear trí mhonatóireacht ar dhlíthíocht;
- ceisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairisciú na bpáipéar, an idirlíon, na meáin shóisialta etc.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunaidh, d'fhéadfaí fiosrúcháin agus imscrúduithe na hOifige a chur ar aghaidh tuilleadh trí úsáid a bhaint as:

- cumhachtaí imscrúdaithe sibhialta an Stiúrthóra;
- cumhachtaí imscrúdaithe coiriúla an Stiúrthóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe sna Gardaí atá tugtha ar iasacht don Oifig trí bhua na n-oifigeach sin a bheith ina mbaill den Gharda Síochána.

CUIDEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHA DÍSCAOILTE

Tugann an Oifig *"cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte"* ar na cuideachtaí seo a leanas:

- cuideachtaí a baineadh den Chlár toisc gur theip orthu a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú; agus
- a raibh dliteanais acu an dáta ar baineadh den chlár iad, cibé acu dliteanais iarbhír, theagmhasacha nó ionchasacha.

Is faoin Oifig atá sé iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar dhícháiliú stiúrthóirí cuideachta dá leithéid a baineadh den Chlár[39]. Mar sin féin, foráiltear sa dlí chomh maith[40] nach féidir leis an gCúirt duine a dhícháiliú a léiríonn don Chúirt nach raibh dliteanais ar bith ag an gcuideachta nuair a baineadh den Chlár í nó gur urscaoileadh na dliteanais sin sular tionscnaíodh an t-iarratas ar dhícháiliú. Agus an smachtbhanna atá le forchur á bhreithniú, féadfaidh an Chúirt ina áit sin srian[41] a chur ar an stiúrthóir (na stiúrthóirí) sa chás go mbreithníonn sí nach bhfuil gá le dícháiliú faoi na cúinsí faoi leith[42].

Sa chás go bhfuil fianaise ann go raibh cuideachta dócmhainneach ar an dáta ar baineadh den Chlár í, is é beartas an Oifig breathnú ar fhéachaint le stiúrthóirí na cuideachta a dhícháiliú. Is é an fáth leis sin, trí chead a thabhairt chun an chuideachta a bhaint den Chlár, seachnaíonn na stiúrthóirí an chuideachta a thabhairt chun críche ar an dóigh cheart, i.e., trí leachtaitheoir a cheapadh. Mura gceaptar leachtaitheoir, seachnaíonn stiúrthóirí na cuideachta mionscrúdú ar a n-iompraíocht arna sholáthar le halt 682 den Acht.

Sa chás go measann an Oifig go bhfuil stiúrthóir faoi dhliteanas dícháilithe sna cúinsí sin, féadfaidh sí deis a thairiscint don duine aonair lena mbaineann le Gealltanas um Dhícháiliú a chur isteach ar bhonn deonach. I gcomhthéacs an mhéid thuas, rud fiúntacha eile ná, sa chás go mbaintear cuideachta den Chlár, déantar na sócmhainní atá fágtha aici a dhílsiú san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir fhorálacha an Achta Maoine Stáit 1954.

Ba le hinfhaighteacht acmhainní breise a ceadaíodh le linn na bliana 2017 don Oifig chun tabhairt faoi imscrúdú breise ar stiúrthóirí a lig dá gcuideachtaí chun baint de Chlár na gCuideachtaí agus dliteanais suntasacha fóg gan íos acu. Bíonn na daoine úd faoi dhliteanas dícháilithe de bhun alt 842(h) den Acht. D'imscrúdaigh an Oifig roinnt cuideachtaí laistigh den chatagóir úd, agus chuir tús le próiseas dícháilithe i gcoinne roinnt stiúrthóirí cuideachtaí. Faoi dheireadh na bliana 2017, díchailíodh 4 stiúrthóirí le dhá chuideachta neamhghaolmhara de bhun Ghnóthais Dícháilithe saorálacha a glacadh faoi alt 851 den Acht. Is féidir na gnóthais sin a thabhairt mar mhalairt d'imeachtaí Ard-Chúirte de bhun alt 842(h). Táthar ag dúil go mbeidh méadú suntasach i rith na bliana 2018 ar líon na stiúrthóirí a dhícháileofar sna cineálacha cásanna úd trí mheán iarratais chun na hArd-Chúrite faoi Alt 842(h) nó trí Ghnóthais Dícháilithe a thaisceadh go saorálach faoi Alt 851.

39 Alt 842(h) d'Acht na gCuideachtaí, 2014
40 Alt 843(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014
41 Alt 819 d'Acht na gCuideachtaí, 2014
42 Alt 845(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014

GNÍOMHARTHA A BHAINEANN LE FEIDHMÍOCHTA/IOMPAR LEACHTAITHEORA

Is ceann de príomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra ná:

> *"...ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is a cheapann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó iomchuí, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo*[43].

Cé go dtugtar modh don Oifig le próiseas alt 682, faoi mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, maoirseacht neamhdhíreach a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d'obair na leachtaitheoirí, ó am go chéile breathnaíonn na Oifig go bhfuil sé cuí nó riachtanach a bheith páirteach i maoirseacht níos dírí ar obair na leachtaitheoirí. Tugtar éifeacht don mhaoirseacht níos dírí seo trí na cumhachtaí a thugtar le hAlt 653 den Acht a fheidhmiú[44].

Déantar foráil in alt 653 den Acht gur féidir leis an Stiúrthóir an méid seo a leanas a dhéanamh:

- táirgeadh leabhair leachtaitheora a iarraidh, dá chonlán féin nó de bhun gearáin ó chomhalta, ranníocóir nó creidiúnaí cuideachta, chun iad a scrúdú - maidir le próiseas leachtaithe faoi leith, nó maidir le gach leachtú a rinne an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar cheisteanna ar bith a bhaineann le hábhar leabhar dá leithéid a iarraidh, chomh maith leis a mhéid cuidithe is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt go réasúnta maidir leis an gceist.

Tá cosaintí agus teorainneacha áirithe ag gabháil leis na cumhachtaí a tugadh don Stiúrthóir le halt 653, i.e.:

- ní mór don Oifig an chúis (na cúiseanna) lena bhfuil an t-iarratas á dhéanamh a chur in iúl don leachtaitheoir freagróra; agus
- ní fhéadfar iarratas a dhéanamh i dtaca le leabhair a bhaineann le leachtú a tugadh chun críche níos mó ná sé bliana roimh an iarratas.

CANDAM NA N-IONCHUR INMHEÁNACH - 2017

Le linn 2017, gineadh 97[45] (2016: 128) ionchur inmheánach ar an iomlán.

43 Alt 949(1)(e) d'Acht na gCuideachtaí 2014
44 Áirítear ar alt 446 den Acht foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí
45 Bainteach leis na catagóirí leathana um cheisteanna féimheachta, iniúchóireachta, calaoise, dícháiliúcháin agus comhdaithe

CUID B: TRÉCHUIR

Go ginearálta, osclaítear comhad cáis mar thoradh ar ionchuir, bídis ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha. I gcás tuarascálacha alt 682 leachtaitheoirí, tagann cásanna ar chonclúid nádúrtha go ginearálta sa chás go ndearnadh cinneadh cibé acu faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir nó gan faoiseamh a thabhairt dó nó dí ón oibleagáid srianadh stiúrthóirí na cuideachta a fháil, agus sa chás go dtugtar faoiseamh, dúntar an comhad de ghnáth.

Sa chás nach dtugtar faoiseamh, nó nach dtugtar ach faoiseamh páirteach (i.e., go dtugtar é maidir le cuid de na stiúrthóirí, ach ní iad ar fad), tabharfaidh an Oifig cuireadh de ghnáth don stiúrthóir (na stiúrthóirí) ábhartha chun Gealltanas um Shrianadh (nó Dícháiliú, más infheidhme) a sholáthar. Mura ghlactar tairiscint um Ghealltanas (nó mura bhfuil tairiscint um Ghealltanas oiriúnach, i measúnú na hOifige), beidh ar an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt. Déanann an Oifig monatóireacht ar an dul chun cinn trí na Cúirteanna ar na himeachtaí ábhartha um shrianadh nó um dhícháiliú agus déantar an toradh a thaifeadadh a luaithe is a chinntear na himeachtaí. Déanann an Oifig athbhreithniú chomh maith, áfach, ó am go chéile nuair a thugann sí buarthaí faoi deara maidir le, mar shampla:

- moltaí inchreidte maidir le táillí iomarcacha leachtaitheoirí;
- mainneachtain fhollasach maidir le sócmhainní a dháileadh ar bhonn tráthúil; agus
- mainneachtain fhollasach maidir le leachtú a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnta.

I gcás ionchur eile, amhail, mar shampla, tuarascálacha iniúchóirí, gearáin ón phobail, nochtadh cosanta, atreoruithe etc., osclaítear comhad agus déantar mionscrúdú ar an ábhar lena chinneadh, ar an gcéad dul síos, an cheist í a thagann faoi shainchúram na hOifige nó nach ea. Ó sin amach, déantar dul chun cinn ar chásanna ar an mbonn a mheastar a bheith is oiriúnaí dá gcúinsí aonair, le modhanna dul chun cinn lena n-áirítear, mar shampla:

- buaileadh leis an ngearánaí, ag féachaint de ghnáth le tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna a bhfuil gearán á ndéanamh fúthu;
- buaileadh leis na stiúrthóirí (mar shampla, i gcás a bhaineann le hiasachtaí na stiúrthóirí);
- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú, amhail, mar shampla, éilimh a eisiúint chuig:
  - cuideachtaí agus a stiúrthóirí le haghaidh miontuairiscí cruinnithe agus cláir reachtúla a tháirgeadh;
  - cuideachtaí agus a stiúrthóirí le haghaidh leabhair agus thaifid na cuideachta a tháirgeadh;
  - leachtaitheoirí le haghaidh a leabhair agus a dtaifid a tháirgeadh, i.e. leabbhair agus taifid an leachtaitheóra féin seachas iad na gcuideachta á leachtú (a d'fhéadfadh, go comhthreomhar, a lorg);
  - iniúchóirí ag éileamh soláthar faisnéis fhorlíontach maidir leis tuarascáil chion indíotáilte a fuarthas;
  - daoine a ghníomhaíonn, nó a airbheartaíonn go bhfuil siad ag gníomhú, mar iniúchóirí maidir le táirgeadh fianaise ar a gcáilíochtaí;
  - féimhigh a ghníomhaíonn mar stiúrthóirí agus rúnaithe gcuideachtaí, ag lorg ráiteas faoi mhionn maidir le stádas dócmhainneachta; agus
  - leachtaitheoirí a gceanglaítear orthu go gcomhdaíonn siad tuarascálacha alt 682 amuigh;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a dhéanamh, cumhachtaí gabhála agus coinneála a fheidhmiú etc.;
- idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith ábalta cuidiú leis an Oifig ina gcuid fiosrúchán, mar shampla trí fhaisnéis ábhartha a chomhroinnt.

Nuair a chríochnaítear fiosrúcháin na hOifige, déantar cinneadh maidir leis an ngníomhaíocht is fearr a dhéanfar. D'fhéadfadh an méid seo a leanas, mar shampla, a bheith san áireamh leis sin:

- an cinneadh gan gníomhaíocht ar bith eile a dhéanamh (mar shampla, sa chás go dtugtar le fios trí fhiosrúcháin nár sáraíodh an dlí cuideachtaí nó sa chás nach bhfuil i gceist ach mionsárú agus go mbeadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, dár réir sin, neamh-chomhréireach);
- cinneadh gan gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh an t-am seo ach, seachas sin, rabhadh a eisiúint ina sonraítear má tharlaíonn sé arís go dtapófar gníomhaíocht forfheidhmiúcháin (mar shampla, sa chás gur ceartaíodh agus/nó gur feabhsaíodh an sárú chun sástacht OSFC);
- cúrsaí a bhaineann le sainchúraim faoi seach údarás reachtúil nó comhlachtaí gairmiúla a atreorú chucu;
- eisiúint ordacháin sibhialta, m.sh., treoracha do chuideachtaí agus/nó a gcuid stiúrthóirí á cheangal ar leigheas mainneachtainí luaite laistigh de fhrámaí ama a fhorordaít;
- tionscnamh imeachtaí sibhialta, i.e. iarratais Cúirte d'fhonn na leigheasanna sonraithe;
- tionscnamh imeachtaí coiriúla achoimre nó tharchuir chuig an SIP lena mbreithniú maidir lenar cheart cúisimh a dhíriú ar díotáil.

Tá sonraí leagtha amach sna Táblaí seo a leanas maidir le líonta na gcásanna a chuir an Oifig chun cinn le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Tá sonraí maidir leis an hionchuir a shreabhann ó phróiseáil líonta na gcásanna éagsúla mionsonraithe sa chéad roinn eile den Chaibidil seo.

Tábla 11 Tréchur thuairiscí 682 na leachtaitheoirí - 2017

Tuairiscí alt 682 idir lámha ar 1 Eanáir, 2017		425
Tuairiscí nua a fuarthas i 2017	652	
Lúide: Tuairiscí ar a rinneadh cinntí i 2017	600	
Tuairiscí alt 682 idir lámha ar 31 Nollaig, 2017		**477**

Tá sonraí maidir le cinntí na hOifige um thuarascálacha leachtaitheoirí curtha ar fáil níos déanaí sa Chaibidil seo.

Tábla 12 Tréchur cásanna eile - 2017

Cásanna eile idir lámha ar 1 Eanáir, 2017		93
Cásanna nua a osclaíodh i 2017	467	
Lúide: Cásanna a críochnaíodh i 2017	471	
Cásanna eile idir lámha ar 31 Nollaig, 2017		**89**

CUID C: ASCHUIR

ASCHUIR Ó PHRÓISEAS ALT 682 (I.E., TUAIRISCIÚ LEACHTAITHEORA)

Rinne an Oifig cinntí cinntitheacha (i.e. cinntí seachas 'Faoiseamh ag an tráth seo' a thabhairt) maidir le 600 tuarascáil leachtaitheoirí le linn 2017 (2016: 736), agus rinneadh 265 cinneadh eile chun 'Faoiseamh ag an tráth seo' a thabhairt (2016: 254).

As na cinntí cinntitheacha a rinneadh le linn 2017, rinneadh 501 díobh san iomlán maidir le tuarascálacha tosaigh (2016: 545), agus rinneadh 99 ceann eile díobh maidir le tuarascálacha ina dhiaidh sin (2016: 191).

Tá anailís déanta ar na cinntí a rinneadh maidir le tuarascálacha tosaigh agus tuarascálacha ina dhiaidh sin faoi seach sa chéad dá Thábla seo a leanas.

Tábla 13 Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 682 na leachtaitheoirí

Cineál cinnidh	2017		2016	
		%		%
Faoiseamh iomlán[46]	476	76	503	74
Gan faoiseamh a dhámhadh[47]	19	3	27	4
Faoiseamh páirteach[48]	6	1	15	2
Faoiseamh ag an am seo[49]	126	20	137	20
Iomlán	**627**	**100%**	**682**	**100%**

Table 14 Analysis of decisions taken in respect of subsequent liquidators' section 682 reports

Cineál cinnidh	2017		2016	
		%		%
Faoiseamh iomlán[46]	73	31	138	45
Gan faoiseamh a dhámhadh[47]	20	9	43	14
Faoiseamh páirteach[48]	6	2	10	3
Faoiseamh ag an am seo[49]	139	58	117	38
Iomlán	**238**	**100%**	**308**	**100%**

46 Dámhadh faoiseamh iomlán i gcásanna ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh gach stiúrthóir uile na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

47 Níor dámhadh faoiseamh nuair ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas a le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), nach bhfuil go leor fianaise gur ghníomhaigh aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

48 Dámhadh faoiseamh páirteach in imthosca ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh roinnt stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní ach nach leo ar fad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

49 Dámhadh 'Faoiseamh ag an am seo' i gcásanna ina raibh an Oifig sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun a imscrúdú ar chúis le forléasadh na cuideachta a dul chun cinn / críochnú. Ar an dul céanna, ó am go ham, síleann an Oifig go bhfuil gá cinneadh cinntitheach a chur ar athlá mar gheall ar castacht cúrsaí cuideachtaí áirithe agus an riachtanas gaolmhar rannpháirtíocht forlíontach leis an leachtaitheoir bainteach. Agus 'Faoiseamh ag an am seo' dámhaithe, tá ceangal ar a leachtaoiteoir tuairisc nua a thabhairt isteach.

Cinntí faoiseamh a rinneadh ar thuairiscí leachtaitheora

Tá liosta iomlán de na stiúrthóirí, agus na cuideachtaí gaolmhara, ar tugadh faoiseamh iomlán agus faoiseamh ag an tráth seo dóibh faoi seach le linn 2017 ar fáil ar www.odce.ie.

Gealltanais maidir le Srianadh agus Dícháiliú

Faoi mar atá sonraithe níos luaithe sa Chaibidil seo, i ndiaidh thosach feidhme an Achta seo an 1 Meitheamh, 2015, thug an Oifig nós imeachta úr isteach lenar féidir cuireadh a thabhairt do na stiúrthóirí sin, maidir lena bhfuil cinneadh déanta ina leith nár cheart faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir ón oibleagáid iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt dá Srianadh, chun Gealltanas um Shrianadh (nó Dícháiliú, más infheidhme) a chur isteach go deonach. Leagtar amach líon na dtairiscintí um Ghealltanais a eisíodh le linn na bliana atá faoi athbhreithniú sa Tábla thíos, mar aon le sonraí maidir le líon na dtairiscintí um Ghealltanais a glacadh agus a diúltaíodh.

Tábla 15 Tairiscintí gealltanais eisithe, ar glacadh leo agus diúltaithe

	2017		2016	
	Cásanna	**Stiúrthóirí**	**Cásanna**	**Stiúrthóirí**
Srianta[50]				
Líon incháilithe do thairiscintí gnóthais	50	103	84	143
Líon na dtairiscintí a eisíodh	43	90	80	138
Líon na dtairiscintí a glacadh	42	83	60	93
Líon na dtairiscintí nár glacadh	1	4	17	28
Líon na dtairiscintí gan glacadh ag deireadh na bliana:	2	3	3	17
Dícháiliúcháin:				
Líon incháilithe do thairiscintí gnóthais	3	4	5	8
Líon na dtairiscintí a eisíodh	3	4	5	8
Líon na dtairiscintí a glacadh	1	1	5	8
Líon na dtairiscintí nár glacadh	1	1	0	0
Líon na dtairiscintí gan glacadh ag deireadh na bliana:	1	2	0	0

50 Baineann roinnt sriantaí a glacadh sa bhliain 2017 le gnóthais a tairgeadh thiar sa bhliain 2016.

Toradh iarratais na leachtaitheoirí leis an gCúirt

Faoi mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás nár thug an Oifig faoiseamh agus sa chás nár glacadh cuiridh chun Gealltanais a chur isteach, ceanglaítear ar leachtaitheoirí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun an stiúrthóir (stiúrthóirí) cuideachta ábhartha a shrianadh. I gcásanna áirithe, roghnóidh leachtaitheoirí, mar thoradh ar a n-imscrúduithe féin, féachaint le stiúrthóir a dhícháiliú seachas iad a shrianadh. Tá sonraí leagtha amach sa Tábla thíos ar thoradh iarratais na leachtaitheoirí leis an gCúirt arna seachadadh ag an Ard-Chúirt le linn na bliana.

Tábla 16 Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt – 2017

	2017		2016	
	Cases	Directors	Cases	Directors
Dearbhaithe um shrianadh deonta	17	31	48	90
Orduithe dícáiliú deonta	6	9	7	11
Gan Orduithe nó Dearbhaithe deonta	7	11	11	23
Iomlán	**30**	**51**	**62**[51]	**124**

De bhun Gealltanas nó Orduithe Cúirte, rinneadh 118[52] (2016: 183) stiúrthóir san iomlán a shrianadh agus rinneadh 10 (2016: 19) stiúrthóir a dhícháiliú[53]. Further analysis of the Orders made by the Court on foot of liquidators' applications and Undertakings is provided in Appendices 4 to 6 of this Report.

Firicí agus cúinsí a mheas an Ardchúirt agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh agus a mheas an OSFC agus Gnóthais Dhícháilithe á dtairiscint

Chun críoch léiritheach tá leagtha amach thíos samplaí léiritheacha de na cineálacha saincheisteanna a mheas an Ardchúirt agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh nó a thug an OSFC aird orthu agus Gnóthais Dhícháilithe á dtairiscint (agus ar glacadh Gnóthais mar fhreagra orthu). Tá an liosta iomlán leagtha amach in Aiguisín 5 a ghabhann leis an Tuarascáil seo. I ngach cás, tháinig na hOrduithe/na Gnóthais mar thoradh ar thuarascálacha na leachtaitheoirí a bhaineann le hAlt 682 tar éis, i gcás inar gá, faisnéis bhreise agus soiléiriú a iarrann an OSFC a sholáthar:

- chuaigh cuideachtaí a bhí gníomhach le hallmhairiú agus athdhíol carr ardluacha faoi leachtú de bhun achainí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar chánacha gan íoc isteach is amach ar €2.5 milliún. Mhainnigh an chuideachta chun leabhair agus taifid chuí a choinneáil, agus ní raibh sí comhlíontach ó thaobh cánacha ar feadh roinnt blianta sular leachtaíodh í. Ar feadh achair ghairid roimh an leachtú chláraigh an chuideachta duine samhailteacht mar stiúrthóir na cuideachta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Mhainnigh an chuideachta chun cuntais iniúchta a chomhdú leis an OCC ar feadh 5 bliana roimh an leachtú, agus níor chomhoibrigh stiúrthóir na cuideachta go leordhóthanach leis an leachtaitheoir. Ghlac an stiúrthóir le tairiscint de Ghnóthas Dícháilithe ar feadh tréimhse 5 bliana.
- bhí riaráistí nach beag ag cuideachta i mbun gníomhaíochtaí tógála, foirgníochta agus réadmhaoine ginearálta leis na Coimisineirí Ioncaim. Dhearbhaigh an chuideachta CBL faoi bhun luacha maidir le díolacháin réadmhaoine, cíosanna réadmhaoine agus saothair eile a críochnaíodh. Ní dearbhaíodh CBL ar bith freisin do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le fáltais airgid thirim. Mhainnigh an chuideachta chun leabhair agus taifid chuí a choinneáil ar feadh achar fada ama. Cé go raibh idirbhearta nach beag ag gabháil trí chuntais na Cuideachta, ba bheag díobh a cuireadh ar fáil don leachtaitheoir i dtéarmaí taifead. Mhainnigh na stiúrthóirí chun comhoibriú go leordhóthanach leis an Leachtaitheoir. Mhainnigh na stiúrthóirí chun suimeanan dlite don Chuideachta a bhailiú. Mhainnigh siad chun Ráiteas Gnóthaí a sheachadadh laistigh den spriocdháta iomchuí. Mhainnídís tráth i ndiaidh a chéile chun tuairiscean bhliantúla reachtúla a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoina ndáta dlite.

51 Ní iomlán ionann le suim an méid sin thuas mar gheall ar an bhfíric go bhfuil, i gcúig chás, cuireadh srian ar roinnt stiúrthóirí agus dícháilíodh eile.
52 Aguisín 4
53 Aguisín 5

- thrádáil cuideachta a bhí gníomhach le soláthar seirbhísí slándála soghluaiste agus ar an láthair agus iad dócmhainneach ó thosach a corpraithe. Ghearríoc na stiúrthóirí dliteanas na Cuideachta do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le hÍMAT/ÁSPC agus leis an CBL. Baineadh leas as an ÍMAT/ÁSPC a asbhaineadh den fhoireann chun oibríochtaí na Cuideachta a chistiú, agus d'fhág sé sin an fhoireann i suíomh leochaileach dá réir. Chreid an Leachtaitheoirí murar chríochnaigh na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh cánach ar an gcuideachta go mbeadh na stiúrthóirí fós ag trádáil ar aghaidh, cé go raibh sí dócmhainneach. Na hidirbhearta a cuireadh trí chuntais bhainc na Cuideachta; chuaigh siad chun tairbhe pearsanta na stiúrthóirí, agus cuireadh moill le híocaíocht do chreidiúnaithe dá bharr. Níor phléigh na stiúrthóirí leis an Leachtaitheoir, agus mhainnigh siad chun leabhair agus taifid na Cuideachtaí a sholáthar dó. Sholáthair na Stiúrthóirí Ráiteas Cúrsaí míchruinn ag cruinniú na gcreidiúnaithe inar léiríodh sócmhainní na Cuideachta nach raibh ann ag an dáta foirceanta.
- stiúrthóirí le salón gruagaireachta ar mhainnigh orthu chun oibleagáidí agus dualgais na gCoimisinéirí Ioncaim a chomhlíonadh, ónar tháinig dliteanais chánach arbh fhiú €153,770.72 iad. D'íoc an chuideachta na creidiúnaithe eile agus réamhíocadh €53,875 leis an gcuideachta nuair nárbh fhéidir léi a cuid dliteanas do na Coimisinéirí Ioncaim a ghlanadh. Lean an chuideachta ar aghaidh ag trádáil agus í dócmhainneach, agus bhí an chuideachta dócmhainneach bunaithe ar fhaisnéis ón gclár comhardaithe ón uair a thosaigh sí ag trádáil. Sháraigh an chuideachta Achtanna na gCuideachtaí freisin nuair a mhainnigh sí chun Tuairisceáin Reachtúla a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Ghlac Athchuideachta an gnó ar láimh nuair a dúnadh an chuideachta. Thuairiscigh an leachtaitheoir gur freagraíodh d'fhiosruithe leis na Stiúrthóirí go neamhdhóthanach.
- thug na Coimisinéirí Ioncaim achainí chuig an Ard-Chúirt d'fhoirceannadh na cuideachta sin a bhí i mbun gnó le déantúsaíocht táirgí adhmaid. Tháinig an t-achainí sin mar fhreagra ar dhliteanais chánach arbh fhiú €2,447,616.76 iad. Lig na stiúrthóirí don chuideachta sin chun leanúint ar aghaidh i mbun trádála agus í dócmhainneach, agus lean an chuideachta ar aghaidh ag trádáil ón dáta díscaoilte ag trádáil gan stádas dlíthiúil. Sháraigh an chuideachta Achtanna na gCuideachtaí leis an gceanglas chun tuairisceáin reachtúla bliantúla a chomhdú chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, agus baineadh den chlár faoi dhó í. Baineadh an tsuim €10,000 de chuntas bainc na Cuideachta, agus íocadh í le duine amháin de na stiúrthóirí 3 lá roimh leachtú. Bhreithnigh an leachtaitheoir mar íocaíocht fhabhrach é seo agus baineadh chuid mhaith de threalamh agus gléasra na cuideachta sa tréimhse ag druidim leis an leachtú, agus níor soláthraíodh doiciméadúchán tacaíochta ar bith i leith an bhirt úd in ainneoin iarratais ón leachtaitheoir air. Mhainnigh an stiúrthóir freisin chun freagairt d'fhiosruithe a thug an leachtaitheoir aníos i rith an imscrúdaithe sin.

ASCHUIR NA HOIBRE FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Tá roinnt cineálacha éagsúla d'obair forfheidhmiúcháin na hOifige ann, lena n-áirítear;

- oibriú le stiúrthóirí cuideachta agus páirtithe leasmhara eile d'fhonn ceartú/feabhsú deonach a fháil déanta ar chásanna um neamhchomhlíonadh;
- cumhachtaí an Stiúrthóra a fheidhmiú chun comhlíonadh a chinntiú agus/nó fiosrúcháin agus imscrúduithe a chur chun cinn;
- feidhmiú feidhmeanna an Stiúrthóra comhlíonadh a cheadú/a éascú;
- leigheasanna sibhialta a lorg san Ard-Chúirt mar fhreagra ar léiriú neamhchomhlíonadh;
- imeachtaí coiriúla achoimre a thionscnamh os comhair na Cúirte Dúiche;
- sa chás, agus imscrúdú mionsonraithe a bheith déanta agus tugtha chun críche ar bhonn sin go léirítear leis na comharthaí coiriúlachta amhrasta go bhféadfadh gá a bheith le triail ar díotáil, ag atreorú comhad chuig an SIP le breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil gá le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda a chur i leith na gcúrsaí iontu nó nach bhfuil; agus
- comharthaí maidir le sáruithe féideartha ar fhorálacha rialála seachas na cinn a bhaineann leis an dlí cuideachtaí a atreorú chuig rialtóirí ábhartha eile (agus atreorú cúrsaí ábhartha chuig comhlachtaí gairmiúla a chuimsiú chomh maith);

Tá sonraí tugtha maidir leis na príomhaschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na hOifige thíos.

CEARTÚ/FEABHSÚ DEONACH A FHÁIL

Sáruithe iasachtaí stiúrthóirí

I 37 cás (2016: 58) sa chás gur tuairiscíodh sáruithe amhrasta iasachtaí stiúrthóirí, nó gur tháinig siad chun feasa ar dhóigh ar bith eile, rinneadh ceartúcháin (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghdú iasachtaí) darbh luach €15.5milliún (2016: €17milliún) mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na hOifige. Tá ceartúcháin den sórt sin ar mhaithe le comhaltaí agus creidiúnaithe cuideachtaí lena mbaineann.

Cliseadh na caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh

Le hAlt 291(3) den Acht, ceanglaítear ar chuideachtaí a ráitis airgeadais a ullmhú, inter alia, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme. Le hAlt 291(9), foráiltear gur cion de Chatagóir 2 ag an gcuideachta agus ag aon oifigeach ar mainneachtain é cliseadh an ceanglas sin a chomhlíonadh. I dhá chas (2015: 0) inar tuairiscíodh don Oifig gur theip ar chuideachtaí na caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh trí thuairiscí ar chionta indíotáilte, tugadh rabhadh do na cuideachtaí a bhí i gceist. Go sonrach, tugadh an deis do stiúrthóirí na gcuideachtaí atá i gceist aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh bunúsach agus tugadh rabhadh dóibh, gur dóchúil gur gníomh forfheidhmithe a bheadh ann mar fhreagra, dá dtarlódh sé arís.

Daoine ag feidhmiú dóibh mar stiúrthóirí cuideachta gan cead acu sin a dhéanamh

Rinne an Oifig athbhreithniú i rith na bliana ar chlár na ndaoine dícháilithe agus srianta arna chothabháil ag Cláraitheoir na gCuideachtaí. Ag éirí as an athbhreithniú, dealraíodh 53 ainm (2016: 83) de bheith ag sárú na n-orduithe úd. Tugadh staid na ndaoine chun rialtachta tar éis idirghabhála OSFC.

Líon iomlán na rabhadh a eisíodh

Sa bhreis ar an méid a tháinig roimhe, tugadh rabhaidh do 58 cuideachta (2016: 59) ar an iomlán, maidir le cúrsaí éagsúla.

COMHLÍONADH A URRÚ AGUS FIOSRÚCHÁIN AGUS IMSCRÚDUITHE A CHUR CHUN CINN TRÍ CHUMHACHTAÍ REACHTÚLA AN STIÚRTHÓRA A FHEIDHMIÚ

Úsáideadh raon leathan forálacha reachtacha i rith na bliana faoi athbhreithniú d'fhonn comhlíonadh an dlí cuideachtaí a urrú agus fiosrúcháin agus imscrúduithe faoi seach a chur chun cinn araon. I ndáil leis sin, áiríodh an méid a leanas ar aschuir shonracha:

- seirbheáil 12 ordú reachtúla chun leabhair nó doiciméid sonraithe a thabhairt faoi alt 778 den Acht (2016: 3);
- seirbheáil 17 ordú reachtúla chun cúnamh agus míniúcháin faoi alt 784 den Acht (2016: 0) a thabhairt i ndáil le leabhair agus doiciméid riachtanacha faoi orduithe dá dtabhairt arna seirbheáil faoi alt 778 nó 780;
- seirbheáil 7 n-ordú reachtúla ag cur iallaigh ar thríú páirtithe chun leabhair agus doiciméid a thabhairt faoi alt 780 den Acht (2016: 2), a bhaineann le leabhair agus doiciméid riachtanacha faoi orduithe chun iad a thabhairt arna seirbheáil faoi alt 778;
- seirbheáil 10 n-iarratas reachtúla d'iniúchóirí ar fhaisnéis faoi alt 393 den Acht (2016:1);
- seirbheáil 5 fhógra reachtúla faoi alt 782 den Acht - Ceanglas Molta de bhun Alt 780(1)(c) d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le Leabhair nó Doiciméid;
- seirbheáil 5 iarratas reachtúla ar Chuideachtaí chun miontuairiscí chruinnithe na stiúrthóirí a thabhairt faoi alt 166 den Acht (2016: 0);
- seirbheáil 2 iarratas reachtúla chun miontuairiscí cruinnithe ginearálta faoi alt 199 den Acht (2016: 0);
- seirbheáil 5 ordú faoi Alt 52 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíocht agus Calaoise) 2001 (2016: 0)
- 45 ordú reachtúla (2016: 106), de bhun alt 797(1) den Acht, faoi nach mór do leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh faoi alt 682;
- 2 ordú faoi alt 797 den Acht i ndáil le Comhlíonadh Ordú Cúirte (2016: 0).

COMHLÍONADH A CHEADÚ/A ÉASCÚ TRÍ FHEIDHMEANNA REACHTÚLA AN STIÚRTHÓRA A FHEIDHMIÚ

Le linn na bliana, fuarthas 11 iarratas (2016: 2) ó chuideachtaí a bhí ag lorg treorach lena léirítear gur neamh-infheidhme an srian a fhaightear in Alt 288(9) den Acht, ar alt é lena léirítear nach féidir le cuideachta, de ghnáth, a dáta deireadh bliana reatha nó roimhe a athrú níos mó ná uair amháin i dtréimhse cúig bliana.

LEIGHEASANNA SIBHIALTA ARNA LORG

Iarratas Ardchúirte

I rith na bliana, cuireadh iarratas isteach don Ardchúirt i gcomhthéacs imeachtaí a thionscain cuideachta a bhí ag iarraidh go ndéanfadh an Ardchúirt í a fhoirceannadh. Maidir leis an gcuideachta a bhí i gceist, ba chuideachta é a raibh imscrúdú coiriúil tosaithe ag an Oifig ina leith cheana. Ar toiliú ó na páirtithe ábhartha uile, rinne an Ardchúirt ordú a stiúir an leachtaitheoir sealadach (a cheap an Chúirt don chuideachta ar an lá céanna) cead a thabhairt don Oifig bun-doiciméadú ar leith de chúrsaí na cuideachta, nó doiciméadú a bhain leo, nó cóip de, a thógáil gan mhoill, faoi réir cosaintí sainithe ar leith a cuireadh i bhfeidhm chun teidlíochtaí príobháideachais de thríú páirtithe ar leith a sheasamh.

Cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte

Baintear na mílte cuideachtaí den Chlár in aon bhliain ar leith. Ní bheadh ach cuid de na cuideachtaí sin dócmhainneach (i.e. gan a bheith in ann a bhfiachais a urscaoileadh de réir mar a bhíonn siad dlite), áfach, an dáta a bhaintear den chlár iad. Go tipiciúil, ní thrádálfadh go leor cuideachtaí eile nó d'urscaoilfidís na dliteanais sula mbainfí den chlár iad. Leis an gcúlra sin, go stairiúil lean an Oifig seo beartas d'iarracht a dhéanamh cuideachtaí a aithint i gcás ina bhfuil fianaise ann go raibh fiachais gan íoc ann an dáta a baineadh den chlár iad. I gcás cuideachtaí den chineál sin, go stairiúil ba é beartas na hOifige a bhreithniú dícháiliú stiúrthóirí na gcuideachtaí sin a lorg trí iarratais a chur isteach don Ardchúirt.

Dlíthíocht shibhialta eile

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, bhí baint ag an Oifig in imeachtaí sibhialta ilghnéitheacha freisin, agus tugtar achoimre ar na sonraí ina leith sa Tábla thíos.

Tábla 17 Sonraí na n-imeachtaí sibhialta – 2017

An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach -v- Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (faoi leachtú speisialta) – 2010 Uimh. 323 COS	D'éirigh leis an Stiúrthóir chun a iarratas a thabhairt don Ard-Chúirt i mí Eanáir 2017 d'Ordú de bhun Alt 788(7)(a) d'Acht na gCuideachtaí 2014, chun *"an tréimhse fhorordaithe"* a shíneadh faoi Ailt 788(6)(a) agus (b) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ar feadh tréimhse breise trí bliana ó 30 Eanáir 2017; agus deonaíodh Ordú comhchosúil i dtaca le hábhar aitheanta faoin bPribhléid Dhlíthiúil Ghairmiúil – rinne an Chúirt ordú freisin lenar leasaíodh an teideal do na himeachtaí chun an t-athrú stádais in ainm na cuideachta a léiriú ó rinneadh an t-iarratas deireanach chun na Cúirte sa bhliain 2015.
DMG Hotels Ltd (faoi leachtú) – Iarratasóir – Darren Geoghegan Fuarthas iarratas faoisimh amháin (Alt 822 d'Acht na gCuideachtaí 2014) sa bhliain 2017, eadhon: Foráiltear le hAlt 822 d'Acht na gCuideachtaí 2014, *inter alia:* • gur féidir le duine is ábhar do dhearbhú srianta, ar thabhairt níos lú ná 14 fógra i scríbhinn faoina rún don Stiúrthóirí agus don Leachtaitheoir, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte trí Fhógra Foriarratais agus Mionscríhinn Foras, d'fhaoiseamh, ar na téarmaí agus na coinníollacha de réir mar a mheasann an Chúirt bheith cuí • ach a bhfaigheann an leachtaitheoir an fógra sin ón iarratasóir beartaithe, ní foláir dóibh, ar phionós coiriiúil, chomh luath agus is indéanta tar éis fháil an fhógra sin, chun fógra a thabhairt do chreidiúnaithe agus ranníocóirí na cuideachta faoi mar a fógraíodh don leachtaitheoir nó faoi mar ar éirigh an leachtaitheoir feasach orthu	Fógraíodh don Oifig i mí na Bealtaine 2017 faoi iarratas beartaithe ar fhaoiseamh de bhun Alt 822 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Chuaigh an Oifig i mbun plé le hAturnaetha an Iarratasóra chun comhairle a thabhairt dóibh faoin bhfaisnéis, de réir mheasúnú na hOifige, ar cheart a thabhairt d'aire na Cúirte sa chás go rachadh an t-iarratas ar aghaidh chuig an éisteacht Cúirte. Tarraingíodh siad an t-iarratas ar fhaoiseamh i mí an Mheithimh 2017.

Newbridge Credit Union Ltd (faoi leachtú) – An Ard-Chúirt – 2016 Uimh. 362 COS – Jim Luby -v- Ben Donnelly + Eile Thionscain leachtaitheoir ar chomhar creidmheasa iarratas leis an Stiúrthóir chun bheith ceangailte mar pháirtí fógraithe le himeachtaí reatha na hArd-Chúirte	Seirbheáladh imeachtaí "nua" ar an Oifig i mí Mheán Fómhair 2016. Bhain an tsaincheist le foirceannadh Comhair Chreidmheasa a bhí ag tarlú de bhun Chuid 7 d'Acht an Bhainc Cheannais agus Institiúidí Creidmheasa (Réitigh) 2011; agus go sonrach ar cheart go mbainfeadh / ar bhainfeadh feidhm le forálacha srianta d'Acht na gCuideachtaí 2014 i leith an fhoirceanta sin. Bhí an OSFC rathúil lena hiarratas (21.11.2016) le bheith ceangailte leis na himeachtaí leachtaithe mar thríú páirtí, an lá céanna agus rinne Cumann Forbartha Comhar Creidmheasa (CUDA) iarratas rathúil chun bheith ceangailte leis na himeachtaí mar *Amicus Curiae*. D'idirmhalartaigh na páirtithe éagsúla sa ghnáthbhealach roimh an éisteach Aighneachtaí Dlíthiúla Achoimre i Scríbhinn. Folmhaíodh an dáta éisteachta sceidealaithe i mí an Mhárta 2017 leis an éisteacht ag tarlú roimh an mBreitheamh Haughton thar thrí lá idir 25 agus 27 Iúil 2017. Forchoimeádadh an breithiúnas. Tugadh breithiúnas i scríbhinn an 26 Meán Fómhair 2017. Rinneadh ordú costas an 11 Deireadh Fómhair 2017 inar ordaíodh go n-íocfaí na costais le ceann amháin de na stiúrthóirí ainmnithe is freagróirí a ghlac rannpháirt sna himeachtaí leis an leachtaitheoir agus leis an stiúrthóir um fhorfheidhmiú corparáideach i gcomhpháirt agus go leithleach. Ní dhearnadh ordú costas breise i bhfabhar ná i gcoinne ceann ar bith eile de na páirtithe rannpháirteacha.
Console Suicide Bereavement Counselling Ltd (faoi leachtú) – An Ard-Chúirt – 2016 Uimh. 273 COS	Agus é in-aisfhillte don 14 Nollaig 2017, d'eisigh an Stiúrthóir Fógra Foriarratais ag lorg Ordú na hArd-Chúirte chun saoirse chun ábhar leictreonach a cheistiú, a bhfuarthas é le linn an imscrúaithe a bhíodh ar siúl ó mhí na Bealtaine 2016 i leith. Fuarthas Orduithe na Cúirte ar dtús thiar i samhradh na bliana 2016. Seirbheáladh dhá pháirtí dhéag ar leithligh le Fógra an Stiúrthóra, leis an méid seo liostaithe anois lena éisteacht i mí Aibreáin 2018.
Window and Roofing Concepts Ltd (faoi leachtú) – An Ard-Chúirt – 2017 Uimh. 3493P – Gerard May -v- Declan Lally, Francis Traenor, Richard Joyce, Peter Coyne, Dermot Kilfeather, Ian Drennan agus AIB Plc	D'eisigh an Gearánaí Toghairm Iomlánach na hArd-Chúirte an 19 Aibreán 2017. Níor seirbheáladh aon Ráiteas Éilimh go fóill. D'eisigh an Cosantóir Seacht-ainmnithe Fógra Foriarratais, in-aisfhillte faoi Dé Luain an 13 Samhain 2017, chun is go bhfoirceanfaí imeachtaí an Ghearánaí. Cuireadh é sin ar atráth roinnt uaireanta, agus tá sé liostaithe os comhair na Cúirte anois do dháta i mí Aibreáin 2018. D'eisigh Aturnae an Ghearánaí Fógra Foriarratais chun imeacht ó mhodh rúin, leis an méid sin bheith in-aisfhillte faoi Dé Luain an 18 Nollaig 2017. Cuireadh an Fógra sin ar atráth chuig dáta sa bhliain 2018.
Maidir leis an ábhar Independent News and Media plc – An Ard-Chúirt – 2017 Uimh. 404 COS – An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach -v- Leslie Buckley	D'eisigh an Stiúrthóir imeachtaí i mí na Samhna 2017 ag lorg Ordú de bhun Alt 795(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le cinneadh an bhfuarthas ábhar dlíthiúil faoi phribhléid san fhaisnéise a sholáthair an Freagróir mar fhreagra ar iarratas arna eisiúint ag an Stiúrthóir de bhun Alt 780 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Idirmhalartaíodh mionscríbhinní idir na Páirtithe roimh dheireadh na bliana, le Mionscríbhinn breise le comhdú ag an bhFreagróir i mí Eanáir 2018 roimh an dáta éisteachta a bhí socraithe don 22 Eanáir 2018.

IMEACHTAÍ COIRIÚLA ACHOMAIR

De réir mar a leagadh amach go mionsonrach i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, le blianta beaga anuas rinneadh an Oifig cinneadh beartais d'aon ghnó níos lú acmhainní a úsáid chun coiriúlacht nach bhfuil ró-thromchúiseach a lean agus a hacmhainní a dhíriú ar chomharthaí níos tromchúisí d'éagóir a imscrúdú. Ag teacht leis an athshocrú sin, níor thionscain an Oifig aon ionchúiseamh achomair i rith na bliana.

IMEACHTAÍ COIRIÚLA INDÍOTÁILTE – CÚISIMH A STIÚRADH AGUS IONCHÚISEAMH INA DHIAIDH SIN

Ag teacht leis an mbeartas thuasluaite, i rith na bliana bhí an Oifig i dteagmháil ar bhonn suntasach le hOifig an SIP, agus leagtar amach mionsonraí faoin méid sin thíos.

Comhaid a tharchuirtear chuig an SIP

I rith 2017, chuir an OSFC 4 chomhad faoi bhráid an SIP (2016: 5), agus leagtar amach mionsonraí faoi na comhaid sa Tábla thíos.

Tábla 18 Comhaid curtha faoi bhráid an SIP i 2017

1	Moladh 81 cúis san iomlán i gcoinne 3 amhrastach. Moladh cúiseanna i ndáil le cionta amhrasacha faoi: • Achtanna na gCuideachtaí; • an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta & Calaoise) 2001; • an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997; agus • an dlí coiteann.	Bhí an comhad faoi athbhreithniú ag an SIP ag deireadh na bliana
2	Ba iad na cúiseanna a moladh scór amháin d'alt 242 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus scór amháin d'Alt 6 (Meabhlaireacht) den Acht um Cheartas Coiriúil (Gadaíocht agus Cionta Calaoise) 2001 i gcoinne amhrastaigh amháin.	D'eisigh an SIP ordú chun ionchúisimh. Aisiompaíodh an cinneadh sin tar éis bháis finné ar breithníodh nach rachadh ionchúiseamh ar aghaidh ina n-éagmais.
3	Ba iad na cúiseanna a moladh scór amháin d'alt 297 (Trádáil Chalaoiseach) d'Acht na gCuideachtaí 1963 agus scór amháin den Mheabhlaireacht i gcoinne Alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Gadaíocht agus Cionta Calaoise) 2001 i gcoinne amhrastaigh amháin.	Ar bhunús na fianaise infhaighte, d'ordaigh an SIP gan ionchúiseamh a thabhairt.
4	Ba iad na cúiseanna a moladh 13 scór d'alt 4 (Gadaíocht) den Acht um Cheartas Coiriúil (Gadaíocht agus Cionta Calaoise) 2001 agus/nó d'Alt 6 (Meabhlaireacht) den Acht um Cheartas Coiriúil (Gadaíocht agus Cionta Calaoise) 2001 i gcoinne amhrastaigh amháin.	Ar bhunús na fianaise infhaighte, d'ordaigh an SIP gan ionchúiseamh a thabhairt.

Ionchúisimh

Rinneadh tagairt i dTuarascáil Bhliantúil 2016 do chomhad imscrúdaithe ar ordaigh an SIP go gcúiseofaí an t-amhrastach leis an trádáil chalaoiseach ina leith (ar bhunús calaoise líomhnaithe de lascainiú sonrasc). Phléadáil an duine a cúisíodh leis an gcion sin ciontach don chúis sin an 24 Aibreán 2017. Ina dhiaidh sin, gearradh pianbhreith phríosúnachta 18 mí ar an duine i gceist an 20 Márta 2018, leis na 6 mhí dheireanacha curtha ar fionraí i dtaca le scór amháin den Trádáil Chalaoiseach i gcoinne alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú). Dícháilíodh an duine i gceist freisin ó bheith ina stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse 5 bliana. Tháinig an ciontú agus an phianbhreith sin tar éis imscrúdú ag an OSFC ar ghiniúint na sonrasc bréagach os cionn €600,000 san iomlán.

Áiríodh i dTuarascálacha roimhe seo mionsonraí faoi na himeachtaí a thionscain an SIP inar cúisíodh an tUasal Seán Fitzpatrick, iarChathaoirleach agus iar-Phríomhfheidhmeannach Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt, i leith 21 sárú líomhnaithe Alt 197 (i.e. ráitis bhréagacha a dhéanamh le hiniúchóirí) agus i leith 6 sárú líómhnaithe Alt 242 (i.e. faisnéis

bhréagach a thabhairt) d'Acht na gCuideachtaí 1990. Thosaigh atriail an Uasail Fitzpatrick i ndáil leis na cúisimh sin os comhair a Onóir, an Breitheamh Aylmer agus os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath an 21 Meán Fómhair 2016. Thug an Breitheamh John Alymer breithiúnas an 23 Bealtaine 2017, ag tabhairt comhairle faoina rún chun ordú a thabhairt don ghiúiré chun Mr. FitzPatrick a éigiontú ar gach scór den díotáil: Déantar tagairt anseo freisin don chás sin.

Bhí triail ar leith don Uasal William McAteer agus don Uasal Patrick Whelan, ar iarstiúrthóirí Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt iad, sceidealaithe le tosú sa Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath freisin an 16 Eanáir 2017. Threoraigh an SIP gur cheart go gcúiseofaí an bheirt cúisithe as díotáil i ndáil le sárú líomhnaithe Alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (i.e. trádáil chalaoiseach). An 19 Nollaig 2016, roimh dáta na trialach, chuir an tUasal McAteer pléadáil chiontach isteach. An 21 Nollaig 2016, chuir an tUasal Whelan pléadáil chiontach isteach maidir le cúiseamh i leith sárú Alt 44(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (i.e. clár iasachta le stiúrthoirí agus daoine lena mbaineann de chuid bainc cheadúnaithe) in ionad an chiona líomhnaithe de réir Alt 297. Go luath in 2017, ghearr a Onóir, an breitheamh Martin Nolan pionós príosúnach ar an Uasal McAteer ar feadh téarma de dhá bhliain go leath, agus ghearr sé fíneáil €3,000 ar an Uasal Whelan, i ndáil leis na cionta ar phléadáil siad ina leith.

I rith na bliana, threoraigh a Onóir, an Breitheamh Terence O'Sullivan, gur cheart go dtosóidh triail an Uasail David Drumm, iarstiúrthóir agus iar-Phríomhfheidhmeannach Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt, Deireadh Fómhair 2018 maidir leis na cionta seo a leanas ar cúisíodh é ina leith:

- 1 sárú líomhnaithe Rialachán 76(2) & (4) de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad le hAlt 21 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006;
- 7 sárú líomhnaithe Alt 25 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001;
- 7 sárú líomhnaithe Alt 243(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus Alt 240(1)(b) d'Acht na gCuideachtaí 1990, de réir mar a cuireadh isteach le hAlt 104 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001;
- 16 sárú líomhnaithe Alt 60(1) & (15) d'Acht na gCuideachtaí 1963, de réir mar a leasaíodh é le hAlt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 agus Alt 240(8) d'Acht na gCuideachtaí 1990, de réir mar a cuireadh isteach é le hAlt 104 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

TARCHUIR CHUIG COMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA AGUS CHUIG COMHLACHTAÍ RIALÁLA EILE

Cé go bhfuil sé d'oibleagáid ar an Oifig faisnéis rúnda a choinneáil nuair a bhíonn sé i seilbh aici, tá foráil reachtúil ann[54] a bhaineann le faisnéis a nochtadh le tríú páirtithe ar leith (lena n-áirítear comhlachtaí rialála eile agus comhlachtaí gairmiúla ar leith) ar an gcoinníoll gur féidir critéir shannta ar leith a shásaimh.

De bhun na forála roimhe seo, rinneadh 4 tarchur (2016: 1) chuig Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (CCA) i rith na bliana. Ag féachaint don sainchúram reachtúil atá aige vis-à-vis na CCAnna, cuirtear cóip de tharchur den chineál sin chuig ÚMICÉ i gcónaí.

Áirítear an méid a leanas ar na saincheisteanna a tharchuirtear chuig CCAnna de ghnáth:

- cásanna a bhfuil amhras futhú ina n-airbheartaíonn baill iniúchtaí a dhéanamh gan cead acu sin a dhéanamh óna gcomhlachtaí gairmiúla nó i gcás ina bhfuil cosc orthu sin a dhéanamh ar shlí eile de bhua dlí nó oibleagáidí gairmiúla;
- gan cionta indíotáilte a bhfuil amhras futhú a thuairisciú, nó iad a thuairisciú agus moill orthu;
- cúrsaí a bhaineann le cineál tuairimí iniúchta a sholáthraítear i ndáil le cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta;
- cliseadh ceisteanna a fhreagairt arna n-ardú ag an Oifig tar éis di tuairiscí ar chionta indíotáilte a fháil.

Sa bhreis ar an méid roimhe seo, tarchuireann an Oifig cásanna chuig comhlachtaí rialála eile de réir mar a mheastar a bhfuil gá leis nó atá iomchuí ar shlí eile.

54 Alt 956 d'Acht na gCuideachtaí 2014

CAIBIDIL 4

SHEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A SHOLÁTHAR DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA

SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A SHOLÁTHAR DO PHÁIRTITHE LEASMHARA SEACHTRACHA

Caighdeáin um sheirbhís do chustaiméirí

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, bhí an Oifig fós tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméir a sholáthar dá foireann féin agus do gach ball den phobal lena mbíonn sí ag déileáil. Tá an t-aiseolas agus seirbhísí um ghearáin fhoirmiúla, faoi mar a sholáthraítear ar shuíomh gréasáin na hOifige, lárnach don tiomantas sin.

Cairt Custaiméirí

Tar éis próiseas comhairliúcháin poiblí, d'fhoilsigh an Oifig sraith nua de dhoiciméid cúram custaiméirí i rith 2016. Cuirtear sonraí ar an méid seo a leanas, i measc nithe eile, ar fáil sna doiciméid sin atá le fail ar shuíomh gréasáin an OSFC:

- caighdeáin seirbhíse na hOifige;
- na caighdeáin a bhféadfadh custaiméirí a bheith ag súil leo ón Oifig;
- príomhphointí teagmhála; agus
- Foirm Aiseolais agus Gearáin do Chustaiméirí.

Ní bhfuarthas gearáin foirmiúla ar bith i rith na bliana 2017 faoi Nós Imeachta na hOifige do Ghearáin ó Chustaiméirí. Tá sé tábhachtach chun tabhairt le fios gurb ann dár Nós Imeachta do Ghearáin ó Chustaiméirí chun plé le meancóga, moilleanna, nó drochsheirbhís do chustaiméirí. Ní bhaineann sé le míshástacht le beartas, cinntí le hOifigigh agus cúrsaí eile a bhaineann le cásanna. Tionscnaítear an nós imeachta ach Foirm do Ghearáin ó Chustaiméirí a chomhlánú agus a thabhairt ar ais don Oifig, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an OSFC.

Cineál na bpríomhtheagmhálacha le páirtithe leasmhara

Áiríonn príomhtheagmhálacha[55] na hOifige le páirtithe leasmhara:

i. treoir agus ábhar gaolmhar a sholáthar;
ii. gníomhaíochtaí for-rochtana;
iii. déileáil le fiosruithe agus le gearáin ó dhaoine den phobal;
iv. caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt; agus
v. láithreán gréasáin/na meáin shóisialta.

Tugtar tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le (i), le (ii) agus le (iv) thuas, a thagann, den chuid is mó, faoi shainchúram an Aonaid Tathanta. Cé is moite de ghearáin, a bpléitear leo i gCaibidil 3, tugtar tuilleadh mionsonraí thíos ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le (iii) agus le (v) thuas, a thagann faoi shainchúram Ceannasaí um Fhorfheidhmiú freisin.

Fiosruithe poiblí

Soláthraíonn an Oifig, an méid atá indéanta, eolas ar ábhair dlí ba gcuideachtaí ginearálta do pháitithe leasmhara.

D'fhonn tuilleadh cabhrach a thabhairt don lucht déanta fiosruithe, chuir an Oifig sraith Ceisteanna a Fiafraítear go Minic (CFManna), agus freagraí ar na ceisteanna sin, le chéile, agus tá na nithe seo ar fáil ar an láithreán gréasáin[56]. Déantar athbhreithniú ar an rannán CFManna ar bhonn rialta, agus cuirtear nithe leis an méid is gá. Go sonrach, i rith na bliana faoi athbhreithniú, athbhreithníodh agus nuashonraíodh rannóg na gCeisteanna Coitianta go cuimsitheach arís, chun na fiosruithe ba mhinice a fuarthas san Oifig a léiriú. Chomh maith le dul i gcomhairle leis an láithreán gréasáin, is féidir fiosruithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist faisnéise na hOifige (info@odce.ie), agus is féidir fiosruithe a dhéanamh ar an teileafón freisin.

Cé go ndéileálann an Oifig le formhór na bhfiosruithe trí threoir na seirbhísí atá léirithe thuas, teastaíonn freagairt níos mionsonraithe agus níos breithnithe do roinnt fiosruithe agus déileálann an Oifig leis an iliomad fiosruithe gach bliain. Ní féidir leis an Oifig, áfach, comhairle dlí a sholáthar do dhaoine a ndéanann fiosrú maidir leis ach, i gcúinsí ina tugtar le tuiscint leis an gcineál fiosraithe gurb é sin mar atá sé, moltar do dhaoine a rinne an fiosrú gur cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg.

Láithreán gréasáin

Liostaítear i dTábla 19 thíos codanna an láithreáin ghréasáin a mheall an trácht is mó i rith na bliana atá faoi athbhreithniú. Ba é líon na gcuairteanna ar an suíomh gréasáin ina n-iomláine ó gléasanna soghluaiste 5,460, suas ó 2,880 i 2016.

55 Is é sin seachas páirtithe a bhfuiltear i dteagmháil leo i gcás shainchúram forfheidhmithe na hOifige
56 http://www.odce.ie/ga-ie/cfm.aspx

Tábla 19 Na 5 chuid gréasáin a dtugadh an méid is mó cuairteanna orthu i 2017 - www.odce.ie

Cuid	Amhairc
Publications (Béarla)	31,273
Company Law & You (Béarla)	25,900
Court Decisions (Béarla)	22,529
About the ODCE (Béarla)	15,404
FAQs (Béarla)	14,521

Trí thuilleadh mínithe a thabhairt, tugtar mionsonraithe sa Tábla thíos ar na 20 leathanach aonair ba mhó ar tugadh cuairt orthu (i.e., seachas na ranna) ar an suíomh gréasáin le linn na bliana (gan leathanach baile an tsuímh san áireamh). Faoi mar a bhí sé i mblianta roimhe seo, bhí roinn na gCeisteanna a Fiafraítear go Minic bainteach ar na leathanaigh ba mhó ar bhféachadh orthu. Ag cur leathanaigh na CFManna ar fad le chéile, mheall siad os cionn 14,500 cuairt le linn na bliana .

Tábla 20 Na 20 leathanaigh is mó a amharc orthu i 2017 - www.odce.ie

Leathanach	Amhairc
Company Law & You - Companies / Directors / Secretaries (Béarla)	7,736
Information Books Page (Béarla)	6,206
About the ODCE (Béarla)	5,932
Quick Guides Page (Béarla)	4,254
Company Law & You Page (Béarla)	4,176
Prosecution Cases 2017 (Béarla)	3,564
Functions of the ODCE (Béarla)	3,298
Contact Us (Béarla)	2,956
Company Law Guidance Publications (Béarla)	2,954
FAQ Menu Page (Béarla)	2,913
Role of the ODCE (Béarla)	2,847
Corporate Governance Page (Béarla)	2,771
Court Decisions Page (Béarla)	2,662
Annual Reports & Reviews Page (Béarla)	2,594
Company Law Guidance (Other Guidance) Page (Béarla)	2,584
FAQ - Directorship of a Company (Béarla)	2,364
Media & Presentations (Béarla)	2,032
Functions of the Director (Béarla)	1,924
Publications Relating to Liquidations (Béarla)	1,792
Prosecution Cases 2016 (Béarla)	1,786

Lena chois sin, baineadh leas as saoráid chuardaigh an tsuímh ghréasáin beagnach 7,500 uair le linn na bliana, suas ó 4,500 i 2016. Ag deireadh na bliana, bhí thart ar 737 duine láraithe chun fógraí suíomh gréasáin a fháil le ríomhphost. Soláthraíonn an Oifig leagan Gaeilge dá suíomh gréasáin chomh maith agus bhí díreach faoi 6% de thrácht an tsuímh ghréasáin chuig an leagan Gaeilge (www.osfc.ie) (suas ó 1.7% i 2016).

Na meáin shóisialta

Lean an Oifig ar aghaidh le leas a bhaint as na meáin shóisialta chun a teachtaireacht a chur in iúl. Oibríonn an Oifig ar thrí ardán: Facebook, Twitter agus LinkedIn. Úsáidtear iad chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí tathanta agus forfheidhmithe na hOifige faoi seach agus chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn, agus chun eolas a thabhairt do leantóirí faoi fhorbairtí ar réimsí níos leithne dhlí na gcuideachtaí. Faoi dheireadh na bliana, bhí 1,833 leantóir meallta ag an Oifig ar fud na bhfóram éagsúil sin (2016: 1,675).

SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A CHUR AR FÁIL DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA

Oiliúint agus forbairt foirne

Tá Bainistíocht Feidhmíochta i gceist ar fud gach Roinne agus Oifige Rialtais agus cuireann an Oifig chun feidhme í gach bliain. Féachann sí lena chinntiú go bhfuil róil na mball foirne aonair soiléir agus go bhfuil siad ar aon dul le cuspóirí corparáideacha foriomlána, agus athbhreithniú agus bainistíocht feidhmíochta á n-éascú aici ag an am céanna. Ina theannta sin, nascann sí cláir oiliúna agus caiteachas na hOifige go díreach le ról gach baill foirne. A mhéid is indéanta, tacaíonn an Oifig baill foirne ina riachtanais oiliúnt agus forbairt.

Cuireadh 156 lá oiliúna ar an iomlán (2016: 30) ar 30 comhalta foirne den Oifig i 2017, lena n-áirítear

- oiliúint a chuir acmhainní intí ar fáil – 103 lá, a bhain le 33 comhalta foirne; agus
- oiliúint a chuir an Roinn ar fáil – 53 lá, a bhain le 20 comhalta foirne.

Le linn 2017, chabhraigh an Oifig le baill foirne tabhairt faoin oiliúint agus faoin bhforbairt seo a leanas:

- Dioplóma sa Chuntasaíocht Fhóiréinseach – Cuntasóirí Cairte Éireann;
- Dioplóma sa Riosca, Iniúchadh Inmheánach agus Comhlíonadh – Cuntasóirí Cairte Éireann;
- ceanglas FGL[57] bhaill den fhoireann cuntasaíochta; agus
- ceanglais FGL bhaill den fhoireann aturnaetha.

COMHLÍONADH OIBLEAGÁIDÍ DE BHUN AN DLÍ, RIALACHÁIN AGUS STÁDAS NA HOIFIGE MAR AONÁN EARNÁLA POIBLÍ ARNA BHUNÚ LE REACHT

Ceisteanna Parlaiminte ("CP")

Iarrtar ar an Oifig go rialta faisnéis/ábhar a chur ar fáil don Roinn chun cabhrú léi freagraí de chuid Airí a ullmhú ar CPanna ó Theachtaí. Ina theannta sin, bíonn an Oifig féin ina hábhar do CPanna ó Theachtaí ó am go chéile. Le linn na bliana, chuir an Oifig ábhar ar fáil mar fhreagra ar 54 CPanna (2016: 31).

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Déantar foráil san Acht um Íoc Pras Cuntas d'íocaíocht úis le soláthraithe nár íocadh a sonraisc faoi dháta forordaithe (de ghnáth 30 lá i ndiaidh an sonrasc a fháil). Sa timpeallacht gheilleagrach reatha ina mbaineann ríthábhacht le sreabhadh airgid don ghnó, tá sé mar chuid de bheartas an Rialtais soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá tar éis sonrasc a fháil. In ainneoin bheartas na hOifige chun gach sonrasc a íoc laistigh de na tráthchláir forordaithe, bhí trí chás ann d'íoc sonrasc taobh amuigh den achar ceadaithe, agus tabhaíodh dá thoradh Íoc Pras an Úis de €205.03, in éineacht le €40.00 do phionóis (2016: €10.94 agus €360 faoi seach).

Plean Gníomhaíochta Bainistíochta Riosca

I rith na bliana, rinne an OSFC athbhreithniú agus uasghrádú ar a plean bainistíochta riosca i gcomhairle leis an Roinn.

57 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Saoráil Faisnéise (SF)

Tá an chuid is mó taifead na hOifige (i.e. gach taifead seachas taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige) díolmhaithe ón Acht SF. I rith na bliana 2017, rinneadh 14 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (2016: 3). Deonaíodh 3 cinn acu sin ina n-iomláine, agus 2 cheann i bpáirt díobh siúd. Bhain fuílleach na 9 n-iarratas eile i ndáil le taifid nár clúdaíodh leis an Acht (de bhua na fírice gur cruthaíodh iad agus/nó gur coinníodh iad de réir Achtanna na gCuideachtaí) agus gur diúltaíodh do rochtain ar na taifid dá bharr. Díobh siúd, iarradh ceithre Athbhreithniú Inmheánacha agus sheas an tAthbhreithnitheoir leis an gcinneadh gan rochtain a cheadú i ngach aon chás. Rinneadh achomharc i leith trí cinn de na cinntiú úd ní ba dhéanaí chuig an gCoimisinéir Faisnéise; dearbhaíodh dhá cheann sa bhliain 2017 agus dearbhaíodh an tríú ceann ní ba dhéanaí go luath sa bhliain 2018.

Mar a ceanglaítear reachtaíocht SA, foilsíodh dréacht Scéim Foilsithe SA na hOigice I rith na bliana.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

I rith na bliana, choimeád an Oifig a clárúchán mar rialtóir sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déanann na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2003, agus na hIonstraimí Reachtúla lena mbaineann, cosaint i leith úsáid mhícheart nó nochtadh mícheart aon fhaisnéise atá á coimeád faoi dhuine. Tá na hoibleagáidí seo comhsheasmhach le diancheanglais féin na hOifige um rúndacht, mar a leagtar síos in alt 956 den Acht.

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, rinneadh ceithre iarratas ar fhaisnéis leis an Oifig faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. B'éigean na h-iarratas sin a dhiúltú i ngeall ar chineál na dtaifead atá i seilbh na hOifige, de réir na reachtaíochta faoina n-oibríonn an Oifig. Rinneadh fiosrú breise faoi oibriú na nAchtanna um Chosaint Sonraí san OSFC, agus tugadh freagra don fhiafraitheoir.

Úsáid fuinnimh

Comhroinneann an Oifig a n-áitreabh le roinnt áitritheoirí eile, agus is ionann an chomhréir spáis a leithdháiltear don Oifig ná 45.62%, beagán faoi bhun leath den spás iomlán. Ar mhaithe le soilsiú agus trealamh oifige is ea thart ar leath den leictreachas go léir a úsáidtear, agus úsáidtear an fuílleach ar mhaithe le téamh agus aerchóiriú. Úsáidtear gás, go príomha, chun uisce a théamh a úsáidtear i gcóras téimh an fhoirgnimh.

B'ionann an úsáid ghais don bhliain agus 331,000 cileavatuair (kwh) (2016: 410,000 kwh), as a raibh an Oifig freagrach as thart ar 151,000 kwh. B'ionann an úsáid leictreachais agus 453,000 kwh (2016: 499,000 kwh), agus bhí an Oifig freagrach as thart ar 207,000 kwh.

I rith na bliana, lean an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh. Trí bheith rannpháirteach i "bhFoireann Ghlas" ina bhfuil ionadaithe d'áitritheoirí na fhoirgnimh, leanann an Oifig le tabhairt faoi thionscnaimh a cheapadh chun an úsáid fuinnimh a laghdú níos mó. Reáchtáladh dhá sheisiún faisnéise do bhaill foirne maidir le bealaí chun ídiú fuinnimh agus uisce a laghdú sa bhaile agus sa láthair oibre i rith na bliana, leis an aidhm chun spreagadh a thabhairt don athrú iompraíochta i ndáil le hídiú an fhuinnimh. Áirítear leis na pleananna don bhliain 2018 roinnt oibreacha iarfheistithe beaga ar nós braiteoirí d'fheistithe soilse, agus athsholáthar de réir a cheile na mbolgán dlúthsholais fhluaraisigh, de réir mar is féidir, le bolgáin dé-óid astaithe solais. Tá cairteacha úsáide gáis agus leictreachais don tréimhse idir 2015 agus 2017 leagtha amach thíos.

Ba ionann an sprioc le haghaidh laghdú ar ídiú fuinnimh in 2017 agus 5%. Mar thoradh fadhbanna leanúnach I gcóras teasa agus aerchóirithe cuireadh as an córas I rith an méid ismó den samhradh, agus léirítear é seo I laghdú úsáid fuinnimh. Is ionann an t-aschur le feidhmíocht fuinnimh laghdú 9% in úsáíd leictreachais agus laghdú 19% in úsáid gais, arb ionann sin agus coigilteas 14% ar an bliain 2016.





Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Rinne an Oifig dréachtú ar dhara Scéim faoin Acht i 2011 agus tá sí ag feitheamh ar chomhaontú an Choimisinéara Teanga i leith na Scéime sin. Idir an dá linn, tá an Scéim dheiridh i bhfeidhm go fóill, mar aon le ceanglais reachtúla an Achta. Dá bhrí sin, lean an Oifig ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann sí an tAcht agus a Scéim féin.

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1

CAITEACHAIS ARNA CHIONROINNT I GCOINNE CHAITEACHAS: 2015 – 2017

	2015		2016		2017	
	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s
Cionroinnt						
Deontas ón Státchiste	5,091		5,015		4,895	
Costais Dlí Eiseachtúil	50		50		50	
		5,141		5,065		4,945
CaiteachaS						
Tuarastail	2,156.0		2,006.0		1976.1	
Fógraíocht & Poiblíocht	23.0		25.7		31.6	
Áitreabh Oifige	346.8		320.5		415.3	
Costais Dlí	131.8		81.7		172.8	
Seirbhísí Sainchomhairle	245.1		50.0		196.2	
Ríomhraireacht	26.5		176.6		120.0	
Priontáil	64.4		23.2		14.8	
Fochostais	8.4		12.0		7.4	
Taisteal & Cothabháil	15.8		15.8		19.3	
Teileachumarsáid	37.5		23.7		29.8	
Seirbhísí Postais / Teachtaire	4.9		14.7		12.5	
Trealamh Oifige & Fótócóipeáil	3.6		60.6		3.9	
Forbairt Acmhainne Daonna	8.6		17.0		14.5	
		3,072.4		2,728.6		3014.2
Suim a géilleadh		**2,068.5**		**2,337.4**		**1,930.8**

AGUISÍN 2

LÁITHREOIREACHTAÍ ARNA DTÍOLACADH AG BAILL FOIRNE OSFC I RITH NA BLIANA 2017

Seo a leanas miondealú ar na catagóirí:

Catagóir	Líon na láithreoireachtaí a tugadh	Spriocghrúpa
Institiúidí Tríú Leibhéal	12	350
Comhlachtaí Gairme (lena n-áirítear comhlachtaí Cuntasaíochta, an Dlí-Chumann agus An Garda Síochána)	7	550
Comhlachtaí Poiblí (lena n-áirítear Ranna & Gníomhaireachtaí Rialtais)	3	250
Comhlachtaí/Eagrais Eile (lena n-áirítear na hearnálacha pobail & deonacha)	4	200

TAISPEÁNTAIS/TEAGMHAIS AR AR FHREASTAIL FOIREANN OSFC – 2017

Ainm Teagmhais	Tionscnóir	Ionad Coinne
Lá Oscailte Oifig Fiontair Áitiúil Chill Mhantáin (OFA)	OFA Chill Mhantáin	Campas Co. Chill Mhantáin, Ráth Naoi, Co. Chill Mhantáin
Cruinniú Mullaigh Ghnó na hÉireann	Cruinniú Mullaigh Ghnó na hÉireann	Seomraí Ó hÓgáin, Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath
Tacaíochtaí agus Seirbhísí Riachtanach d'Fhiontraithe (Clár Earraigh)	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Leabharlann Gnó Átha Cliath, Lárionad Ilac, Baile Átha Cliath
Expo Gnó Chill Dara	Comhlachas Chill Dara	Sheehy Motors, An Nás, Co. Chill Dara
Imeacht Fiontar Chill Mhantáin Banc na hÉireann	Banc na hÉireann	Óstan Grand, Cill Mhantáin
Comhdháil Bhliantúil IRRC	Institiúd Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte (IRRC)	Ostán Ballsbridge, Baile Átha Cliath
Taispeáinteas Trádála agus Turasóireachta Scoir Gníomhach Éireann	Guerin Media Limited	Halla Tionscail, CRBÁC, Baile Átha Cliath
Comhdháil Bhliantúil Comhlachas na nGnólachtaí Beaga (CGB)	CGB	Halla Ceolchoirme, CRBÁC, Baile Átha Cliath
Comhdháil Bhliantúil gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí (CDP)	Cuntasóirí Deimhnithe Poiblí	Óstán Crowne Plaza, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath
Comhdháil Grow CGB	Premier Publishing & Events	Príomh-halla, CRBÁC
The Franchise Show (Ireland)	News Start Exhibitions Ireland Ltd.	Príomh-halla, Uimh. 1, CRBÁC Baile Átha Cliath
Food & Drinks Business EXPO (Ireland) 2017	Premier & Fooddrinksevent.com	Ionad Coinbhinsiúin – Iarthar na Cathrach Baile Átha Cliath
An Plean Gnó is Fearr do Ghnó a Chruthú	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Leabharlann Gnó Átha Cliath, Lárionad Ilac, Baile Átha Cliath
Tacaíochtaí agus Seirbhísí Riachtanach d'Fhiontraithe	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Leabharlann Gnó Átha Cliath, Lárionad Ilac, Baile Átha Cliath
Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann (CGBMÉ)	Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann	Ionad Coinbhinsiúin, Iarthar na Cathrach Baile Átha Cliath
Comhdháil Bhliantúil Ag Tabhairt Aire do Ghnó	30 Comhlachas Poiblí	Áras Oibreacha Clóite, Caislean Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath

AGUISÍN 3

TUARASCÁIL DE RÉIR ALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

Le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, foráiltear go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ar tuarascáil é a bhaineann leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach féidir na daoine lena mbaineann a aithint. Ní mór go sonraítear an méid a leanas sa tuarascáil thuasluaite:

i. líon na nochtuithe cosanta a tugadh don chomhlacht poiblí;

ii. an gníomh (más ann dó) a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta sin; agus

iii. aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a rinneadh de réir mar a bhféadfadh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe a iarraidh ó am go ham.

TUARASCÁLACAHA A FUARTHAS LE LINN 2016

Le linn na bliana dar deireadh an 31 Nollaig 2017, fuair an OSFC nochtadh cosanta amháin

AN GNÍOMH (MÁS ANN DÓ) A RINNEADH MAR FHREAGAIRT AR NA NOCHTUITHE COSANTA SIN

Tar éis scrúdú a dhéanamh air, cinneadh nár tháinig an nochtadh faoi chuimisiú shainchúram na hOifige.

AON FHAISNÉIS EILE A BHAINEANN LEIS NA NOCHTUITHE COSANTA SIN AGUS AN GNÍOMH A RINNEADH DE RÉIR MAR A BHFÉADFADH AN TAIRE CAITEACHAIS PHOIBLÍ & ATHCHÓIRITHE A IARRAIDH Ó AM GO HAM.

Níl sé infheidhme.

AGUISÍN 4

CÁSANNA INA RINNE AN ARD-CHÚIRT DEARBHUITHE SRIANADH NÓ INA GHLAC STIÚRTHÓIRÍ LE GHEALLTANAIS SRIANADH TOILIÚ DE BHUN ALT 683 D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
331923	Air Separation Limited	Lisa	Diamond	11-Bea-17
331923	Air Separation Limited	Robert	Diamond	10-Bea-17
550644	Asian Hawkers Chilli Padi & Co Limited	Zulkifi	Basir	05-Ean-17
550644	Asian Hawkers Chilli Padi & Co Limited	Zuquan	Ren	23-Fea-17
550644	Asian Hawkers Chilli Padi & Co Limited	Deqng	Ye	06-Ean-17
550644	Asian Hawkers Chilli Padi & Co Limited	Lee	Yean Ng	06-Ean-17
357108	Bcon Communications Limited	Walter	Batt	30-Bea-17
390750	Callokee Limited	Meg	O'Keeffe	09-Ean-17
444711	Clear Steps Limited	Sharif	Bouktila	06-Ean-17
444711	Clear Steps Limited	Rosaleen	Bouktila	01-Fea-17
280593	CMC Chemicals Limited	Clive	Mc Cormack	11-Ean-17
280593	CMC Chemicals Limited	Elizabeth	Mc Cormack	11-Ean-17
486345	Cullbay Limited	Deborah	Coyle	01-Már-17
486345	Cullbay Limited	James	Whelan	02-Már-17
495414	Curran Home Décor Limited	Jason	Curran	20-Iúi-17
495414	Curran Home Décor Limited	Lisa	Walsh	20-Iúi-17
89669	DC Graphics Limited	Derry	Costello	11-Ean-17
564214	Dcon Foods Limited	Conleth	Dooley	11-Bea-17
564214	Dcon Foods Limited	Eileen	Dooley	11-Bea-17
546371	Dr Facility Management Limited	Agnes	Kavanagh	05-Bea-17
546371	Dr Facility Management Limited	David	Kelly	05-Bea-17
571332	DSE Foundation Designated Activity Co.	Cian	Crossen	10-DFó-17
571332	DSE Foundation Designated Activity Co.	Francis	Crossen	16-Sam-17
65073	Edward Club Limited	Bryan	Long	06-Aib-17
65073	Edward Club Limited	Noel	Long	02-Bea-17
503011	Eleven Black Limited	Rosaleen	Bouktila	01-Fea-17
503011	Eleven Black Limited	Sharif	Bouktila	06-Ean-17
409465	Embracing Change Limited	Michael	Maguire	23-Már-17

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
409465	Embracing Change Limited	Finbarr	O'Neill	23-Már-17
336854	Exicom Services Limited	Deborah	Maddy	11-Lún-17
336854	Exicom Services Limited	Declan	Maddy	11-Lún-17
503012	F.L.R Services Limited	Rosaleen	Bouktila	01-Fea-17
503012	F.L.R Services Limited	Sharif	Bouktila	06-Ean-17
488602	Farm Force Enterprises Limited	Christopher	Mooney	05-Ean-17
488602	Farm Force Enterprises Limited	Ronan Thomas	Mooney	13-Ean-17
129122	Finglas Motors Limited	Karen	Murphy	31-DFó-17
482582	Force From Nature Limited	Leo	Dolphin	09-Már-17
482582	Force From Nature Limited	Tom	Dolphin	20-Már-17
415239	Halmur Limited	Kathleen	O'Halloran	12-Bea-17
415239	Halmur Limited	Sean	O'Halloran	12-Mei-17
340616	Holden Developments Limited	Philip	Mulligan	06-Ean-17
434722	Howlin Duggan Properties Limited	Claire	Howlin	26-Aib-17
434722	Howlin Duggan Properties Limited	Pauline	Howlin	04-Bea-17
515090	J C Bakery Limited	Vivienne	Lawson	11-Bea-17
515090	J C Bakery Limited	John	Whyte	11-Bea-17
518822	JN Beauty House Limited	Jennifer	Brennan	29-Nol-17
518822	JN Beauty House Limited	Nuala	Mullen	29-Nol-17
514338	Laztop Limited	Pamela	Monaghan	07-DFó-17
514338	Laztop Limited	John	Sweeney	23-DFó-17
512423	Melrose Locke Limited	David	O'Shea	01-Lún-17
512423	Melrose Locke Limited	Gavin	O'Shea	31-Iúi-17
482673	Mi-Bos Catering Limited	Gavin	O'Shea	31-Iúi-17
482673	Mi-Bos Catering Limited	Nora	Wyse	03-Ean-17
489513	Michael Ward Engineering Limited	Michael	Ward	16-Ean-17
489513	Michael Ward Engineering Limited	Philip	Ward	16-Ean-17
270506	Moonshot Limited	Aoife	Duffy	10-Fea-17
270506	Moonshot Limited	Mairead	Duffy	10-Fea-17
270506	Moonshot Limited	Padraig	Duffy	10-Fea-17
286956	Prism Fax Services Limited	Mark	Richardson	01-Mei-17
517104	Pro-Tec Sales and Marketing Limited	Joan	Meehan	30-DFó-17

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
517104	Pro-Tec Sales and Marketing Limited	John	Meehan	30-DFó-17
119956	Sandquay Restaurants Limited	Donald	Jeffrey	16-Ean-17
119956	Sandquay Restaurants Limited	Nigel	Leeming	16-Ean-17
331479	Sandquay Trading Corporation Limited	Donald	Jeffrey	16-Ean-17
331479	Sandquay Trading Corporation Limited	Nigel	Leeming	16-Ean-17
425346	Sandyford Security Solutions Limited	Raymond	Shimmins	12-Bea-17
425346	Sandyford Security Solutions Limited	Pearl	Shimmins	12-Bea-17
79032	Seamus Kavanagh & Company Limited	Patricia	Kavanagh	25-DFó-17
79032	Seamus Kavanagh & Company Limited	Seamus	Kavanagh	25-DFó-17
472688	Sharjah Limited	Vivienne	Lawson	11-Bea-17
472688	Sharjah Limited	John	Whyte	11-Bea-17
290203	South Aer Services Limited	Rachel	O'Driscoll	24-Már-17
290203	South Aer Services Limited	Pat	Forde	24-Már-17
133264	T. Hogan (Builders) Limited	Thomas	Hogan	24-DFó-17
470671	The Carlyle Institute Limited	John	Morris	23-Sam-17
470671	The Carlyle Institute Limited	Simon	Morris	12-Nol-17
470671	The Carlyle Institute Limited	Stephen	Murray	28-Sam-17
395316	The Kiosk Man Limited	Angelina	Kelly	31-Bea-17
395316	The Kiosk Man Limited	Joseph	Kelly	31-Bea-17
502209	Tulpany Limited	Thomas	King	03-Fea-17
502209	Tulpany Limited	Christopher	McCormack	03-Fea-17
502209	Tulpany Limited	Patrick	Ryan	31-Ean-17
492816	Turntol Limited	Daniel	Crowley	06-Ean-17
492816	Turntol Limited	Alan	King	03-Ean-17
363578	Vantrac Limited	David	Carry	10-Bea-17
363578	Vantrac Limited	Elaine	Hanlon	10-Bea-17
540091	Waterview Restaurant Limited	Alan	Groarke	16-Ean-17
540091	Waterview Restaurant Limited	Thomas	Groarke	16-Ean-17
341804	Windrush Hair Design Limited	Finbarr	O'Neill	23-Már-17
341804	Windrush Hair Design Limited	Michael	Maguire	23-Már-17
341804	Windrush Hair Design Limited	Marie	O'Neill	10-Már-17
67642	A.T.F. Limited	Forte	Teresa	11-Nol-17

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dáta Srianta
369906	Clongill Kitchen & Wardrobe Manufacturers	Curtis	David	21-Sam-17
369906	Clongill Kitchen & Wardrobe Manufacturers	Curtis	Thomas	21-Sam-17
496066	J.P. Castle (Dundalk) Limited	Shields	Antoinette	16-Ean-17
496066	J.P. Castle (Dundalk) Limited	Toner	Frank	16-Ean-17
352786	J.P. Castle Building Contractors Limited	Shields	Antoinette	16-Ean-17
352786	J.P. Castle Building Contractors Limited	Toner	Frank	16-Ean-17
30568	M. & J. Wallace Limited	Wallace	Sasha	24-DFó-17
485590	McElhinney Fashions Limited	MacSuibhne	Aongus	06-Sam-17
485590	McElhinney Fashions Limited	Sweeney	Neil	06-Sam-17
520430	Mixgreens Franchising Limited	Nolan	Kieran	30-Ean-17
520430	Mixgreens Franchising Limited	Sundaram	Shanmugam	15-Aib-17
472730	North Kerry Home Developments (Ireland)	Collins	David	18-Nol-17
472730	North Kerry Home Developments (Ireland)	O'Brien	Orla	18-Nol-17
470338	Paris Bakery and Pastry Limited	Forel	Yannick	24-Aib-17
470338	Paris Bakery and Pastry Limited	Savill	Ruth	24-Iúi-17
245715	Photologic Limited	Gallagher	John	23-Fea-17
270842	Refresh Limited	Finglas	Niamh	20-Sam-17
270842	Refresh Limited	McCartan	Paul	20-Sam-17
326841	Shemburn Limited	Edgeworth	George Michael	13-Fea-17
326841	Shemburn Limited	Edgeworth	Michael	24-Iúi-17
326841	Shemburn Limited	Kember	Anthony Howard	03-Iúi-17
162010	Tamerlane Limited	Nolan	Paul	27-Fea-17
357712	The Pilot Training College of Ireland Limited	Edgeworth	George Michael	24-Iúi-17
357712	The Pilot Training College of Ireland Limited	Edgeworth	Michael	13-Fea-17
357712	The Pilot Training College of Ireland Limited	Kember	Anthony Howard	03-Iúi-17
484036	Ticketfriend Limited	Rabbitt	Liam	23-DFó-17
217509	Window & Roofing Concepts Limited	May	Gerard Francis	04-Nol-17
217509	Window & Roofing Concepts Limited	May	Derek	04-Nol-17
436342	Windsor Corporate Catering Limited	Sally Anne	Luykx	17-Iúi-17
436343	Windsor Corporate Catering Limited	Huibrecht	Luykx	17-Iúi-17

AGUISÍN 5

CÁSANNA INA RINNE AN ARD-CHÚIRT ORDUITHE DÍCHÁILITHE NÓ INA GHLAC STIÚRTHÓIRÍ LE GHEALLTANAIS DÍCHÁILITHE TOILIÚ DE BHUN ALT 683 D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Ainm Stiúrthóra		Dícailithe Ó	go dtí
67642	A.T.F. Limited	Forte	Annino	11-Nol-17	10-Nol-22
404470	Hype Hair Salon Limited	Mulligan Mulligan	Dervla Thomas Edward "Eddie"	23-Ean-17 23-Ean-17	23-Ean-24 23-Ean-24
30568	M. & J. Wallace Limited	Wallace	Michael "Mick"	24-DFó-17	24-DFó-23
441308	Motorway Security Limited	Khan Sheikh	Abrash Kaleem	03-Aib-17 03-Aib-17	02-Aib-27 02-Aib-27
460093	Shebeen Shic Limited	Bourke	Jonathan	17-Iúi-17	17-Iúi-24
50148	Wood Products (Longford) Limited	Fox McGowan	Vincent Patrick	22-Bea-17 22-Bea-17	21-Bea-23 21-Bea-23
182468	L.M. Services Limited	Murphy	Leslie	16-Fea-17	15-Fea-22

AGUISÍN 6

CÁSANNA INA NACH DHEARNA AN ARD-CÚIRT ORDUITHE SRIANADH NÓ DÍCHÁILIÚ DE BHUN ALT 683 D'ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014

Uimhir Cuideachta	Ainm Cuideachta	Dáta den Ordú Cúirte	Líon na Stiúrthóirí
401575	Alan Logue Catering Limited	27-Már-17	2
350415	The Daisy Label Limited	25-Bea-17	2
451129	Daisy Touring Limited	25-Bea-17	2
357712	The Pilot Training College of Ireland Limited	13-Fea-17	1
485590	McElhinney Fashions Limited	06-Sam-17	1
460093	Shebeen Shic Ltd	17-Iúi-17	1
436343	Windsor Corporate Catering Limited	16-DFó-17	2

Nótaí:

1. Baineann an colún "Líon na Stiúrthóirí" leis na stiúrthóirí siúd ar glacadh imeachtaí in a leith. D'fhéadfadh seo bheith éagsúil ó líon na stiúrthóirí a bhfuil taifead orthu amhail tráth an leachtú, mar gheall go bhféadfadh go ndearna an Ard-Cúirt dícailiú nó go ndearna an Oifig roinnt díobh a dhíolmhiú ó imeachtaí agus d'fhéadfadh nár cuireadh stiúrthóirí eile i dtaifead leis an gClár Cuideachtaí, m.sh. daoine a bhí ag ghíomhú mar scáthstiúrthóirí.

GLOSSARY

Acht	Acht na gCuideachtaí 2014
Acht GÉCS	Acht fá Ghléasanna Eireannacha um Chomhbhainistiú Sóchmhainní
Aire	An Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
Anglo	An tIarBhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt
ÁSG	Árachas Slánaíochta Gairmiúla
ÁSPC	Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa
BNGSCE	Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch
BSC	Biúró um Shócmhainní Coiriúla
CAC	Comhlacht Aitheanta Cuntasóireachta
CBL	Cáin Bhreisluacha
CCI	Cáin Chonarthaí Iomchuí
CFG	Comhlacht Forordaithe Gairmiúil
CFManna	Ceisteanna a Fiafraítear go Minic (Ceisteanna Coitianta)
CGB	Cruinniú Ginearálta Bliantúil
CIRD	Comhlachas Idirnáisiúnta na Rialtóirí Dócmhainneachta
CL	Coibhéis Lánaimseartha
CLAN	Comhlachas Litearthachta Aosaigh Náisiúnta
Clár	Clár na gCuideachtaí a choimeádann an OCC
CP	Ceist Pharlaiminte
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
GADC	An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta
GÉCS	Gléas Eireannach um Chomhbhainistiú Sóchmhainní
IMAT	Íoc Mar a Thuillir
IR	Ionstraim Reachtúil
MT	Meabhrán Tuisceana
OCC	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
Oireachtas	Téarma comhchoiteann do Theach Uachtarach agus do Theach Íochtarach na Parlaiminte
OSFC/Oifig	Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Roinn	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta *(athruithe go Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le héifeacht ó 2 Meán Fómhair 2017)*
SF	Saoráil Faisnéise
SIP	An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Stiúrthóir	An Stiúrthóirum Fhorfheidhmiú Corparáideach
WTE	Whole Time Equivalent



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Oifig and Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1

Guthán: 01 858 5800
Íosghlao: 1890 315 015
Facs: 01 858 5801
Ríomhphoist: info@odce.ie
Suíomh Gréasán: www.osfc.ie